Imleabhar 10, eagrán 2. Iúil 2008

Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna

NUACHT NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

www.courts.ie

CÚRSAÍ AN DLÍ TEAGHLAIGH

ATEANGAIRÍ SNA CÚIRTEANNA

IDIRGHABHÁIL AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT

Image courtesy of the Irish Times

CLÁR ÁBHAR

GNÉ-AILT RIALTA

Focal Fáilte 3

Cleachtas agus Nós Imeachta 4

Gearr amach agus Coinnigh 24
(Faigh amach faoi do Shinsear)

Scéalta Báis 27

Ceapacháin 28

Cúrsaí Scoir 29

Léirmheas Leabhair 31

Ceol 34

Taisteal 36

As an Oifig 37

Léirmheas Scannáin 38

Tráth na gCeist 39

GNÉ-AILT

Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh 6

Ateangairí sna Cúirteanna 10

Idirghabháil agus Comhpháirtíocht 14

Scéal Giúróra 20

NUACHT

Athrú Ionaid do Theach Cúirte Chill Chainnigh 5

Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh 7

Fóram Lárnach le haghaidh Custaiméirí 8

Láithreán Gréasáin na Cúirte Uachtaraí 9

Grúpa Úsáideoirí Íospartach 9

Clár Tógála 12

Ollionad na gCúirteanna Coiriúla 13

Oscailt Theach Cúirte Bhaile Átha Fhirdhia 16

Comhdháil na gCláraitheoirí 18

Ceartais Aisiríoch 19

Comhdháil IACA 21

Cás Buamála na hÓmaí 21

Dámhachtainí Sármhaitheasa sa tSeirbhís Phoiblí 22

Comórtas Trialach Bréige 2008 23

Foilseacháin Nua 26

An Old Bailey ag Dul ar Líne 27

Teileafóin Shoghluaiste le haghaidh na Carthanachta 30

SÓISIALTA

Tráthnóna Samhraidh 30

Maidin Caife ar son na Saimbia 31

An Cheathrú Dhlíthiúil: Pictiúrlann an Lighthouse 32

I mbun Siúil agus Cainte ar fud Bhaile Átha Cliath 33

Socruithe Peile na Seirbhíse Cúirteanna 37

Eva Avery, leas-eagarthóir

Fáilte

Fáilte romhat chuig eagrán Iúil de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna agus dealramh nua uirthi. Tá an ghrian amuigh agus bheartaíomar dá réir dealramh nua a chruthú don iris. Rinneamar athrú ó bhun ar an leagan amach agus ar an dearadh. Tá súil againn go dtaitneoidh dealramh nua na hirise libh agus ba mhaith linn bhur dtuairimí faoi a chloisteáil.

Tá athruithe déanta ar ár bhFoireann Eagarthóireachta freisin agus fáiltímid roimh Eva Avery mar Leas-Eagarthóir an eagráin seo. Bhíodh Eva ag obair in Oifig Réigiúnach an Iarthair go dtí le deireanas. Tá an-taithí go deo aici ar na cúirteanna agus cuirfidh sí an stór mór eolais seo ar fáil dár bhfoilseachán.

Leanfaimid orainn ag insint faoi na forbairtí sna cúirteanna. Bítear ag plé an Dlí Teaghlaigh i gcónaí agus is faoi sin atá ár bpríomhghné. Fáiltímid roimh eagrán eile de Chúrsaí an Dlí Teaghlaigh a fhoilseofar go luath. Beidh tuairiscí ann faoi imeachtaí i gcúirteanna dlí teaghlaigh ar fud na tíre. Tá tuairisc againn faoi sheimineár a bhí ann le deireanas faoi chur chun cinn cásanna inar leagadh béim ar shaincheisteanna sna cúirteanna dlí teaghlaigh agus faoi thionscadail le dul i ngleic leo. Tugadh sonraí freisin lena linn faoi thionscnaimh i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann. Tá agallamh againn freisin leis an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh.

Ó thaobh na bhfoirgneamh de, tugaimid foramharc ar an dul chun chinn atá á dhéanamh tar éis bliana ar Ollionad na Cúirte Coiriúla. Tá alt againn faoi athoscailt theach cúirte Baile Átha Fhirdhia le deireanas agus tugaimid sracfhéachaint timpeall na tíre le feiceáil cad eile atá á dhéanamh.

Cúis mórtais dúinn a bheith in ann a insint daoibh faoin ngradam mór a dámhadh ar an tSeirbhís Chúirteanna ag na Dámhachtainí ríomhRialtais le déanaí. Bhí 183 istigh air agus bhí Tionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna ar cheann den 20 buaiteoir.

Is é Gerry Nugent Bainisteoir Réigiúin an Oirthir agus tá cuntas aige dúinn ar chéad chomhdháil na gCláraitheoirí sa Mhuileann gCearr a d'eagraigh Oifigigh Réigiúnacha an Tuaiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre.

Má bhí tú ag smaoineamh riamh ar an chaoi le fáil amach faoi do shinsear tugtar leideanna breátha duit sa ghné-alt Gearr amach agus Coinnigh. Tá scéal againn arís faoi Chomórtas na dTrialacha Bréige a eagraíonn Public Access to Law le haghaidh daltaí idirbhliana.

Tá alt againn faoin 'Tráthnóna Samhraidh i Margadh na Feirme' agus éiríonn linn teacht suas lenár dturasóir króga Paddy Monahan a bhí ag rothaíocht ar luas ar fud Nua Eabhrac. Bímid As an Oifig le réiteoir Rob Rogers ó Léig Eircom agus lena chois sin tá tráth na gceist againn agus go leor leor grianghraf freisin mar is iondúil.

Tá súil againn go gcuirfidh tú spéis i rud éigin san eagrán seo. Agus ná déan dearmad do bharúil a thabhairt dúinn faoin dealramh nua atá againn.

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

Is í **Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna** irisleabhar na Seirbhíse Cúirteanna. Faightear ábhar óna lán daoine éagsúla agus ní gá go mbeadh a dtuairimí ar aon dul le dearcadh ná le beartais na Seirbhíse Cúirteanna. Coinníonn na heagarthóirí an ceart eagarthóireacht a dhéanamh ar gach ábhar, agus litreacha san áireamh.

Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna,
An Oifig Faisnéise,
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.
Teileafón: (01) 888 6459,
Facs: 01 873 5250
Ríomhphost:
DympnaHealyClarke
@courts.ie

Gréasán: www.courts.ie

Foireann Eagarthóireachta:
Helen Priestley, Eva Avery, Tony Lawlor, Dympna Healy-Clarke, Gerry Curran, Luke O'Neill

Clóbhualadh: Brunswick Press Ltd., Aonad B2, Eastát Tionsclaíoch an Chloigín Ghoirm, Baile Átha .Cliath 12

Dearadh: Design Communication, atá ina chuid den Ashville Media Group, 57/59 Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2.

design communication

Íocaíochtaí leis an Oifig Phrobháide

Ba chóir do Chleachtóirí a thabhairt faoi deara nár chóir íocaíochtaí táillí i gcomhair cóipeanna de cháipéisí agus cuardaigh a sheoladh chuig an Oifig Phrobháide, mura bhfuil an Cleachtóir iomlán cinnte go bhfuil Deonú Ionadaíochta eisithe san eastát. Nuair a fhaigheann an Oifig Phrobháide iarratas, cuirfidh sí Cleachtóirí ar an eolas faoin tsuim chruinn airgid atá iníoctha tar éis di an taifead a chuardach. Fágann sé seo nach gá próiseáil neamhriachtanach a dhéanamh ar íocaíochtaí breise níos déanaí ná ar aisíocaíochtaí, rud a bhíonn i gceist go minic.

Agus iad ag déanamh íocaíochta, ba chóir do Chleachtóirí na seiceanna a scríobh chuig "An Príomhchléireach", agus ní chuig "An Oifig Phrobháide". Amhail ón 15 Bealtaine 2008 ar aghaidh, seolfar seiceanna atá scríofa chuig 'An Oifig Phrobháide' ar ais chuig an seoltóir, ós rud é nach mbeidh an Oifig Phrobháide in ann seiceanna a dhéanamh ná iad a lóisteáil sa bhanc ón dáta sin ar aghaidh.

Ós rud é nach gcoinníonn an Oifig Phrobháide taifead ach ar Dheonuithe a eisíodh le 20 bliain anuas, ba chóir iarratais maidir le cuardaigh agus cóipeanna de cháipéisí a bhaineann le Deonuithe a eisíodh roimhe sin a sheoladh chuig 'Oifig na Cartlainne Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8."

AISTRIÚ SUÍONNA

Cúirt Dúiche Achadh an Iúir aistrithe go Coill an Chollaigh

Dúnadh teach cúirte Achadh an Iúir le haghaidh cothabhála ar 1 Aibreán 2008 agus aistríodh suíonna na Cúirte Dúiche go teach cúirte Choill an Chollaigh.

Leantar ar aghaidh le suíonna Chúirt Dúiche Achadh an Iúir ar an gcéad Luan agus ar an tríú Déardaoin de gach mí (ach amháin le linn na ngnáth-thréimhsí saoire) i dTeach Cúirte Choill an Chollaigh.

Tabhair faoi ndeara le bhur dtoil maidir le cur ar atráth agus athchur.

Cúirt Dúiche Charn Domhnach

Is i dTeach Cúirte, Bhun Cranncha, Co. Dhún na nGall a thionólfar suíonna Chúirt Dúiche Charn Domhnach go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

Leanfar le suíonna Charn Domhnach ar an 3ú Máirt den mhí agus ar an 4ú Céadaoin de mhí Feabhra, Aibreáin, Iúil, Dheireadh Fómhair, agus de mhí na Nollag ag 10.30 r.n.

Is chuig Oifig na Cúirte Dúiche i Leitir Ceanainn a ba chóir gach cáipéis a sheoladh.

Rialacha na Cúirte Cuarda

I.R. Uimh. 188 de 2008 Rialacha na Cúirte Cuarda (Dlínse, Aitheantas, Forghníomhú, agus Imeachtaí a Sheirbheáil), 2008 Leasaíonn na Rialacha seo Orduithe 14 & 14B agus Léirmhíniú Téarmaí agus tá foráil iontu chun Rialacháin na Comhairle 1348 de 2000 (faoi sheirbheáil cáipéisí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha i ngnóthaí sibhialta agus tráchtála) agus 44 de 2001 (faoi dhlínse, aitheantas, forghníomhú breithiúnas i ngnóthaí sibhialta agus tráchtála) a chur i mbaint le Ríocht na Danmhairge.

I.R. Uimh. 189 de 2008 Rialacha na Cúirte Cuarda (Triail) 2008 Leasaíonn na Rialacha seo Orduithe 33 & 59 de Rialacha na Cúirte Cuarda agus tá foráil iontu go gcaithfear fógra trialach le haghaidh Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliatha a chomhlánú in Oifig na Cúirte Cuarda ar dtús sula ndéanfar é a sheirbheáil agus go gcaithfear fógra 21 lá ar a laghad a thabhairt maidir le dáta na trialach a thabhairt do na páirtithe.

I.R. Uimh. 191 de 2008 Rialacha na Cúirte Cuarda (Cláraitheoir Contae) 2008 Leasaíonn na Rialacha seo Ordú 18 de Rialacha na Cúirte Cuarda agus tugann siad de chumhacht do Chláraitheoir Contae ordú a dhéanamh maidir le ráiteas breise agus ráiteas níos fearr faoi nádúr an ráitis nó faoi nádúr an éilimh nó cosaint nó frithéileamh, nó faoi shonraí breise nó níos fearr.

I.R. Uimh. 201 de 2008 - Ordú na Cúirte Cuarda (Táillí) 2008 Cúlghairtear leis an Ordú seo an tOrdú Cúirte Cuarda (Táillí), 2004 (I.R. Uimh. 445 de 2004).

Leis an Ordú seo, déantar socrú maidir leis na táillí a mhuirearófar in oifigí na Cúirte Cuarda le héifeacht ón 07 Iúil, 2008.

Ina theannta sin, tá foráil san Ordú chun imeachtaí áirithe, lena n-áirítear imeachtaí dlí teaghlaigh, a dhíolmhú ó tháillí.

Rialacha na nUaschúirteanna

I.R. Uimh. 190 de 2008 Rialacha na nUaschúirteanna (An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoctha) 2006) 2008
Cuireann na Rialacha seo Ordú 105A isteach agus leagann siad síos an nós imeachta bainteach i gcás achomhairc chun na hArd-Chúirte faoi pointe dlí faoi alt 16(6) den Acht Sláinte (Scéim Aisíoctha) 2006.

I.R. Uimh. 200 de 2008 Ordú na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte (Táillí) 2008
Cúlghairtear leis seo Ordú na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte (Táillí), 2005 (I.R. Uimh. 70 de 2005).

Forálann an tOrdú seo do na táillí atá le gearradh le héifeacht ó 07 Iúil, 2008 in Oifig Chláraitheoir na Cúirte Uachtaraí, sa Phríomh-Oifig, in Oifig an Scrúdaitheora, in Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht, in Oifig an Mháistir Fómhais, in Oifig an Chuntasóra, in Oifig na gCoimircithe Cúirte, san Oifig Phrobháide agus i gClárlanna Probháide Dúiche.

Ina theannta sin, tá foráil san Ordú chun imeachtaí áirithe, lena n-áirítear imeachtaí dlí teaghlaigh, a dhíolmhú ó tháillí.

Rialacha na Cúirte Dúiche

I.R. Uimh. 202 de 2008 An tOrdú Cúirte Dúiche (Táillí) 2008 Cúlghairtear leis an Ordú seo an tOrdú Cúirte Dúiche (Táillí), 2004 (I.R. Uimh. 446 de 2004).

Déanann an t-ordú seo foráil maidir leis na táillí a mhuirearófar in oifigí na Cúirte Dúiche le héifeacht ó 07 Iúil, 2008. Lena chois sin déanann an tOrdú seo foráil chun imeachtaí áirithe, lena n-áirítear imeachtaí dlí teaghlaigh, a dhíolmhú ó tháillí.

Stair Chill Chainnigh le caomhnú le síniú chonradh theach cúirte

Ghníomhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna nuair a rinne sí comhaontú conartha le Michael McNamara and Company chun síneadh a chur le Teach Cúirte Chill Chainnigh agus nuachóiriú a dhéanamh air. Conradh é seo chun an teach stairiúil cúirte atá ann a athchóiriú agus síneadh 3,000 méadar cearnach a chur leis. Cosnóidh an t-iomlán €12 milliún. Tógfar aitriam chun an struchtúr nua a nascadh leis an bhfoirgneamh atá ann agus is tríd an aitriam seo a bheidh bealach isteach ag an bpobal as seo amach. Coimeádfar an bealach isteach reatha freisin. Cuirfidh an obair seo cóiríocht níos fearr ar fáil do lucht úsáide na cúirte go léir. Bheidh dhá sheomra nua cúirte ann, seomraí breithiúna, seomraí comhairliúcháin ina bhféadfaidh cleachtóirí dlí bualadh lena gcliaint, seomra tacaíochta d'íospartaigh, saoráidí níos fearr do ghiúiréithe, cóiríocht oifige le haghaidh oifigí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus cillín coinneála le haghaidh na bpríosúnach.

Athlonnú suíonna na Cúirte Cuarda go dtí go n-athchóireofar Teach Cúirte Chill Chainnigh

Chun éascú a dhéanamh ar athchóiriú theach cúirte Chill Chainnigh is sna hionaid seo a leanas a bheidh suíonna Chúirt Chuarda Chill Chainnigh go dtí go bhfógrófar a mhalairt:

- Suíonna coiriúla – Teach Cúirte Cheatharlach, Ceatharlach, Co. Cheatharlach
- An Ard-Chúirt ar Chuaird – Teach Cúirte Cheatharlach, Ceatharlach, Co. Cheatharlach
- Suíonna sibhialta agus Dlí Teaghlaigh (lena n-áirítear Achomhairc Cúirt Dúiche) – Túr na Paráide, Caisleán Chill Chainnigh, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh
- Súirteanna ar Fhoriarratais Chláraitheoir an Chontae – Túr na Paráide, Caisleán Chill Chainnigh, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh
- Achomhairc Choiriúla ón gCúirt Dúiche – Halla na Gléibe, Sráid na Beairice, Cill Chainnigh, Cúirt Dúiche Chill Chainnigh

Suíonna Chúirt Dúiche Chill Chainnigh

Is i Halla na Gléibe, Sráid na Beairice, Cill Chainnigh, Co Chill Chainnigh a bheidh na suíonna ar fad de Chúirt Dúiche Chill Chainnigh go bhfógrófar a mhalairt.

Cabhróidh na Ceithre Cúirteanna chun barrfheabhas a bhaint as cumhacht le linn oibre

Roghnaíodh Na Ceithre Cúirteanna mar cheann de 100 foirgneamh an Stáit chun páirt a ghlacadh i dtreoirthionscadal chun laghdú a dhéanamh ar astuithe CO2. Tionscadal é seo de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. 'Optimising Power at Work' a thugtar air agus déanfaidh an gnólacht innealtóireachta White Young Green bainistiú air. Is í aidhm an tionscadail na laghdú 15% nó níos mó a dhéanamh ar astuithe trí feasacht faoi fhuinneamh a spreagadh i measc na foirne.

Ceapfar Oifigeach Fuinnimh agus Foireann Fuinnimh agus tabharfar roinnt léiriúchán feasachta don bhfoireann ar an láthair. Déanfar anailís ar an gcaoi a úsáidfear fuinneamh sa bhfoirgneamh faoi láthair agus tabharfar tuairisc sheachtainiúil don bhfoireann faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leo. Tabharfar tuarascáil mhíosúil don lucht bainistíochta faoi chúrsaí fuinnimh sna foirgnimh. I measc na n-imeachtaí lena chur chun cinn beidh comórtais, tagarmharcáil agus feachtas póstaer.

Baineann coigilt fuinnimh le cách. D'fhéadfadh rudaí chomh simplí le soilse a mhúchadh i seomraí nach bhfuil á n-úsáid a bheith i gceist, nó ríomhairí, printéirí agus meaisíní facsála a mhúchadh sa tráthnóna. Fillfimid ar an scéal seo arís.

CÚRSAÍ AN DLÍ TEAGHLAIGH

...an t-eagrán is déanaí ar fáil anois



Gheobhaidh tú tuairiscí eile san eagrán is déanaí de Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh faoi chásanna laethúla de chineálacha éagsúla a bhaineann le cúrsaí dlí teaghlaigh san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Dúiche agus Cuarda.

Léiríonn na tuairiscí seo gur tréith suntasach amháin a bhaineann le cásanna dlí teaghlaigh ná go n-iarrtar ar bhreithiúna cinneadh a dhéanamh faoi chuimse ceisteanna, lena n-áirítear, colscaradh, idirscaradh, roinnt sócmhainní, foréigean teaghlaigh, coimeád, rochtain, cothabháil, ceapadh caomhnóirí, agus leanaí a thógáil ón teaghlach.

Réitithe Praiticiúla

Léiríonn na tuairiscí san eagrán seo an chaoi a bhfuil na cúirteanna ag déileáil le ceisteanna ar nós cosaint leanaí, an t-athair agus an mháthair araon a spreagadh chun páirt bhríomhar a bheith acu i saol a gcuid leanaí, agus cur ar chumas na bpáirtithe a scarann ó chéile saol sásúil ó thaobh airgid de a bheith acu. Léiríonn sé freisin an lear mór oibre atá á phróiseáil ag ár gcúirteanna dlí teaghlaigh agus tá roinnt tuairiscí ann faoi achomhairc ar dhéileáil Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath leo.

Tá sé le feiceáil go soiléir ón eagrán seo agus ó eagráin roimhe go nasctar ceisteanna a bhaineann le cúrsaí caidrimh, mothúcháin, eacnamaíocha, cosaint leanaí agus sláinte le chéile i gcásanna dlí teaghlaigh ar bhealach nach dtarlaíonn in aon réimse dlí eile. Bíonn tionchar acu ar sheasamh agus ar iompar daoine agus iad ag iarraidh gluaiseacht trí chóras an dlí teaghlaigh.

Is í an turraing mhothúchánach is cúis leis an leibhéal coinbhleachta a bhíonn idir na páirtithe uaireanta agus bíonn an-drochthoradh aige seo, go mór mór ar leanaí. Míníonn sé freisin an chaoi nach gcuirtear deireadh ceart lena lán cásanna.

Agallaimh agus Staitisticí

Leantar ar aghaidh san eagrán seo le sraith agallamh le daoine a bhíonn i dteagmháil de thoradh a gcuid oibre le daoine a bhfuil baint acu le cúrsaí dlí teaghlaigh. Chuir Luke O'Neill ó Sheirbhís Chaidreamh na Meán Polly Phillmore ón Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh faoi agallamh agus tugann sé léargas luachmhar dúinn ar an gcaoi a fheidhmíonn an tSeirbhís faoi láthair agus ar a d'fhéadfadh a bheith i ndán di amach anseo.

Cuireann an Dr. Carol Coulter bailchríoch ar a sraith tuarascálacha staitistiúla le faisnéis faoi réigiúin an Oirdheiscirt agus an Oirthir i rith mhí Dheireadh Fómhair 2006. *Beidh Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh againn arís sa bhFómhar le breis tuairiscí, staitisticí agus agallaimh.*

Is féidir cóipeanna den eagrán reatha a fháil ó Oifig Faisnéise na Seirbhís Chúirteanna, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teil: (01) 888 6459. Ríomhphost: publicationsunit@courts.ie. Nó téigh chuig www.courts.ie

Cur chun cinn Cásanna CÚRSAÍ DLÍ TEAGHLAIGH

Cur chun cinn cáis is ea an téarma a thugtar ar bhainistiú cáis sna himeachtaí sin roimh céim na trialach. Is é an cuspóir atá aige na a chinntiú go n-ullmhaítear imeachtaí le haghaidh trialach ar bhealach cóir tapa agus ar an mbealach is saoire agus go mbaintear an leas is fearr as am agus acmhainní eile na cúirte.

Ghlac Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda le dréacht-tacar de rialacha maidir le chur chun cinn cásanna. Cuireadh isteach rialacha nua in Ordú 59 de Rialacha na Cúirte Cuarda agus má thugann an tAire toiliú dóibh meastar go gcuirfear i bhfeidhm iad sa Chúirt Chuarda go luath. Thabharfadh na rialacha seo ról lárnach do Chláraitheoir an Chontae maidir le maoirsiú a dhéanamh ar ullmhú cásanna dlí teaghlaigh lena gcur lena dtriail sa Chúirt Chuarda, agus monatóireacht ghinearálta a dhéanamh ar dul chun cinn na gcásanna roimh an triail agus na socruithe deireanacha a dhéanamh don triail. Shocródh Cláraitheoir an Chontae cad iad na bearta a bheadh fós le déanamh chun cás a ullmhú lena chur chun trialach agus shocródh sé nó sí tráthchlár chun an t-ullmhúchán a chríochnú, agus d'fhéadfadh sé nó sí treoracha réamh-thrialach a thabhairt (m.sh. na míreanna i mionnscríbhinn acmhainní a dhearbhú agus na páirtithe sa díospóid a aithint). Tá sé de chumhacht ag Cláraitheoirí Contae cheana féin faoi Acht na gCúirteanna réimse orduithe réamh-thrialach a dhéanamh, lena n-áirítear follasú.

Dhéanfadh Cláraitheoir an Chontae cásanna a bhainistiú trí mheán éisteachta (nó éisteachtaí) maidir le chur chun cinn cásanna. Níor mhór d'ionadaithe na bpáirtithe go léir atá ag freastal ar éisteacht chur chun cinn cáis taithí a bheith acu ar a leithéid d'imeachtaí agus údarás a bheith acu óna gcliaint le déileáil leis na nithe a d'fhéadfaí a tharraingt anuas le linn na héisteachta. D'fhéadfadh Cláraitheoir an Chontae treoir a thabhairt do na páirtithe féin a bheith i láthair ag éisteacht mar

Cuireann Idirghabháil Teaghlaigh roghanna ar fáil.

Cabhraíonn an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh (SIT) le lánúineacha a bhfuil an cinneadh crua déanta acu deireadh a chur leis an gcaidreamh atá acu le chéile. Déantar é seo trí shuí síos leo agus na ceisteanna go léir a bhaineann lena scaradh ó chéile a chur os a gcomhair. Labhraíonn Luke O'Neill le Polly Phillimore, Bainisteoir na Seirbhíse faoi na hathruithe atá ag teacht ar idirghabháil teaghlaigh.

Tá 16 oifig ag SIT ar fud na tíre agus tá 25 idirghabhálaí fostaithe aici. Oifigí lánaimseartha iad na hoifigí i gCorcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Luimneach agus bíonn na hoifigí eile ar oscailt dhá lá go leith sa tseachtain. D'úsáid thart ar 1500 duine an tseirbhís i 2007.

Bítear ag súil go mbeidh na lánúineacha ar aon intinn faoi cheisteanna ar nós áras an teaghlaigh, cúrsaí pinsin agus rochtain ar leanaí tar éis a cúig nó a sé cinn de sheisiún. Má thagtar ar comhaontú dréachtaíonn an t-idirghabhálaí nóta idirghabhála comhaontaithe bunaithe ar theimpléad de chomhaontú idirscartha. Is féidir riail chúirte a dhéanamh de ar ball agus é a úsáid mar bhunús colscartha.

Ní féidir leis na

Léiríonn figiúirí a fhoilseofar go luath go ndearnadh 4,081 iarratas ar cholscaradh i rith 2007 agus 1,689 iarratas ar idirscaradh breithiúnach. Bhí seimineár le haghaidh Cláraitheoirí Contae ann le déanaí agus tugadh cuntas dóibh faoin gcóras nua maidir le chur chun cinn cásanna dlí teaghlaigh a thabharfar isteach go luath sa Chúirt Chuarda. Ba é Uachtarán na Cúirte Cuarda, an Breitheamh Matthew Deery a d'oscail an seimineár agus labhair an Breitheamh Sinsearach Dúiche Philip Waller ó Rannán Dlí Teaghlaigh Shasana agus naabhcóide sinsir Breataine Bige, agus an Máistir Charles Redpath ó Ard-Chúirt Thuaisceart Éireann agus an tAbhcóide Sinsearach Gerry Durcan.

aon lena n-ionadaithe dá measfaí go mbeadh sé sin oiriúnach. Bheadh ar na páirtithe ceistneoir mionsonraithe a chomhlánú i bhfoirm forordaithe le fáil amach cad iad na ceisteanna a mbeadh siad ar aon intinn fúthu nó a mbeadh díospóid acu fúthu agus le fáil amach cé chomh h-ullamh is a bheadh an cás le dul chun trialach (ar ghá pléadálacha breise a dhéanamh m.sh. nó ar ghá dearbhú, follasú, seirbheáil pinsin, fógraí faoisimh, tuarascálacha saineolaithe is mar sin de), agus aon rud eile a fháil amach ar ghá aire a thabhairt dó roimh an triail.

Bíonn lear mór foriarratas ann i gcásanna dlí teaghlaigh sa Chúirt Chuarda, agus táthar ag súil go laghdóidh an córas nua an méid oibre réamh-thrialach a bhíonn le déanamh ag breithiúna na Cúirte Cuarda is go mbeidh siad saor a n-aire a thabhairt d'obair na trialach féin, agus lena chois sin go mbeidh na cásanna a thagann os a gcomhair ullmhaithe níos fearr agus go mbeidh an seans ann go laghdófar fad na dtrialacha féin.

Duine de na habhcóidí is mó le rá ar Bharra an Dlí Teaghlaigh is ea an tUasal Gerry Durcan, A.S. agus thug sé léiriú ag seimineár le deireanas faoi na nithe praiticiúla a bhaineann le dlíthíocht an dlí teaghlaigh. Labhair an Breitheamh Sinsearach Dúiche Philip Waller agus an Máistir Charles Redpath faoin taithí atá acu ar bhainistiú imeachtaí dlí teaghlaigh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, agus i dTuaisceart Éireann, faoi seach. Cé go bhfuil difríochtaí suntasacha idir an dlí sna dlínsí sin agus dlí na hÉireann cuireadh an-spéis ina raibh le rá ag an mBreitheamh Waller agus ag an Máistir Redpath faoin tuiscint a bhí acu ar na bealaí chun saincheisteanna a aithint, deimhniú go nochtfadh na páirtithe gach rud agus cláir ama a cheapadh chun gach céim a chríochnú.

Thug Noel Rubotham atá ina Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha léiriú faoin gcóras nua imeachta agus bhí seisiún diancheisteanna agus freagraí ina dhiaidh sin faoina bhfuil sna dréacht-rialacha. Bhí na Cláraitheoirí Contae go léir i láthair agus ba léir ón gcaoi a ghlac siad páirt sna seisiúin ceisteanna agus freagraí leis na cainteoirí gur éirigh go breá leis an seimineár (gan trácht ar an aiseolas dearfa a fuarthas faoi) agus is tuar é go mbeidh rath ar an gcóras nuair a chuirfear i bhfeidhm é.

Chuir na daoine a ghlac páirt ann in iúl an meas a bhí acu ar an sárobair a rinne Liz Hughes and Bernard Regan ón Stiúrthóireacht um Athchóiriú agus Forbairt ag eagrú an imeachta.

Gerry Durcan A.S., An Máistir Charles Redpath, Susan Ryan Uasal Cláraitheoir an Chontae Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, An Breitheamh Matthew Deery, Uachtarán na Cúirte Cuarda, An Breitheamh Sinsearach Dúiche Philip Waller agus an Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha Noel Rubotham.

hidirghabhálaithe aon chomhairle dlí a thabhairt. Má tharlaíonn sé ó am go céile go dtugann siad rud faoi ndeara a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú dá gcliaint, molfaidh siad dóibh comhairle ghairmiúil a fháil ó aturnaetha, ó chuntasóirí nó ó achtúirí.

Is í tuairim Polly Phillmore go bhfeidhmíonn an tseirbhís mar phróiseas comhthreomhar idir na cliaint agus a n-aturnaetha. Cé nach ndréachtaítear nóta idirghabhála comhaontaithe i gcónaí is minic a chruthaíonn sé atmaisféar níos cairdiúla idir na cliaint. "Ní féidir linn an rath atá ar an idirghabháil a mheas go hiomlán ar an gcaoi a n-éiríonn leo teacht ar chomhaontú nó a mhalairt mar is minic a chuireann sé ar a gcumas cumarsáid níos fearr a bheith acu nuair atá na leanaí i láthair."

Creideann Polly go gcuireann an dlí comhoibríoch bealach níos fearr ar fáil i bpróiseas an dlí teaghlaigh. Bíonn sé níos deacra idirghabháil a dhéanamh nuair atá na cliaint tar éis dul chun na Cúirte Dúiche nó na Cúirte Cuarda agus bíonn sé sin amhlaidh de bharr an difríocht atá idir an córas sáraithe agus an córas idirghabhála. Ar an ábhar sin ba mhaith le SIT níos mó faisnéise a bheith ar fáil do lánúineacha atá ag scaradh ó chéile agus atá le dul os comhair na gcúirteanna.

"Ba bhreá an rud é dá bhféadfaidís idirghabháil a bheith acu sula dtéann siad chun cúirte ar chor ar bith. Measaim féin go mbeadh sé go hiontach dá mbeadh seisiún éigeantach faisnéise ag daoine faoi chúrsaí idirghabhála sula dtéann siad chun cúirte, agus go bhféadfaidís coinne a dhéanamh le SIT le fáil amach cad a bhíonn ar siúl ann agus cad iad na roghanna atá acu. Nó fiú go bhféadfadh idirghabhálaí a bheith sna cúirteanna agus a insint cén sórt próisis atá ann." Deir sí gur bealach maith malartach í an idirghabháil le haghaidh lánúineacha nó baill teaghlaigh áirithe, "seachas rud a dhéanfá chun go mbeadh dealramh níos fearr ar an scéal nuair a fhilleann tú ar an gcúirt." "Ba chóir do na cúirteanna, do SIT agus don lucht dlí díriú ar an gcéad dul síos ar leas na gcliant. Is mór an crá croí é do dhuine ar bith nuair a chliseann ar an gcaidreamh atá aige nó aici le duine eile. Measaim féin gurb é an gnó atá againn ná é sin a éascú sa chaoi gur féidir leo feabhas a chur ar a saol agus meas a bheith acu ar a chéile. Ní chreidfeá a dheacra agus a d'fhéadfadh sé sin a bheith."

Rinneadh eagarthóireacht ar an téacs thuas. Tá an t-agallamh le fáil ina iomláine san eagrán reatha de Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh

Ag Cabhrú linn rudaí a dhéanamh níos fearr

Míníodh na tionscnaimh atá idir lámha sa tSeirbhís Chúirteanna ag an gCeathrú Fóram Lárnach Bliantúil le haghaidh Custaiméirí a bhí ar siúl i dTeach an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath le déanaí agus tugadh deis do lucht úsáide na gcúirteanna insint cad a bhí uathu.

"

Bhí sé seo le rá ag Stiúrthóir Oibríochtaí na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí, Nuala McLoughlin faoin bhFóram: "Is éard a bhíonn ar siúl go bunúsach ann ná an lucht úsáide a choinneáil ar an eolas agus éisteacht lena bhfuil ag teastáil uathu."

Chuir Nuala i gcuimhne don slua mór a bhí i láthair an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an dá thionscadal a míníodh ag imeacht na bliana seo caite (Cuardach na hArd-Chúirte ar líne agus suirbhé An Cheannaitheora Faoi Cheilt) agus luaigh sí roinnt tionscadal tábhachtach atá idir lámha faoi láthair:

- Suífidh an Ard-Chúirt ag roinnt ionad ar fud na tíre roimh dheireadh mhí Iúil le déileáil le hobair gan ghiúiré
- Tugadh isteach córas nua le dlús a chur faoi eisiúint orduithe na hArd-Chúirte
- Tosaíodh ag obair ar Phlean Gnímh um Sheirbhís Custaiméirí
- Tá Plean Straitéiseach nua don tSeirbhís Chúirteanna á ullmhú agus
- Tá dara Scéim na Seirbhíse Cúirteanna faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 á hullmhú

Bhí an chosúlacht ar na léirithe go raibh 'rud éigin iontu do gach aon duine' agus leagadh béim go minic ar an dlí teaghlaigh. Míníodh na socruithe maidir le hadmhálacha leictreonacha agus íocaíocht chothabhála agus míníodh an feabhas a rinneadh i dTeach an Charnáin agus an dul chun cinn maidir le tuairisciú dlí teaghlaigh. Insíodh dóibh siúd ar spéis leo an dlí coiriúil faoin dul chun cinn atá déanta maidir le tógáil Ollionad na Cúirte Coiriúla agus bhíodar siúd ar spéis leo cúrsaí na bhfoirgneamh i gcoitinne in ann cloisteáil faoi na pleananna éagsúla atá ann ó cheann ceann na tíre. Fáiltíodh roimh an bpacáiste acmhainne oideachais 'Breathnaímis ar an Dlí' a seoladh le déanaí is a dearadh chun cabhrú le múinteoirí daoine óga a chur ar an eolas faoinár gcóras cúirteanna agus bhí an-éileamh air i ndiaidh an tseisiúin.

Thapaigh a lán daoine a bhí i láthair an deis ceisteanna a chur ar fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna agus thug a lán acu le fios go mbeadh siad i dteagmháil leo amach anseo.

Insíodh dóibh siúd ar spéis leo an dlí coiriúil faoin dul chun cinn atá déanta maidir le tógáil Ollionad na Cúirte Coiriúla agus bhíodar siúd ar spéis leo cúrsaí na bhfoirgneamh i gcoitinne in ann cloisteáil faoi na pleananna atá ann ó cheann ceann na tíre.

An Stiúrthóir Airgeadais, Sean Quigley ag labhairt leis an bhfóram.

Téann An Chúirt Uachtarach ar líne le láithreán gréasáin nua

Ar mhaith leat teacht ar bheathaisnéis iar-Bhreithimh na Cúirte Uachtaraí? Nó fáil amach cad é ról an Phríomh-Bhreithimh? Tugann an láithreán gréasáin nua faisnéis fúthu agus faoi réimse ábhar eile a bhaineann le Cúirt Uachtarach na hÉireann. D'iarramar ar Phríomhfheidhmeannach Dlí an Phríomh-Bhreithimh agus Bainisteoir Tionscadail an láithreán gréasáin tuilleadh a insint dúinn faoi.

"Ba mhian leis faisnéis a chur ar fail faoi Chúirt Uachtarach na hÉireann do dhaoine in Éirinn agus thar lear," arsa Tom. "Tá faisnéis éagsúil curtha ar fáil againn agus tá sí leagtha amach ar bhealach atá éasca a rochtain."

"Tá faisnéis ghinearálta ann faoin gCúirt Uachtarach mar aon le cén comhdhéanamh atá uirthi agus an dlínse atá aici. Tá sonraí againn faoi bhaill na Cúirte, ról an Phríomh-Bhreithimh, agus beathaisnéis an Phríomh-Bhreithimh agus gach iar-Phríomh-Bhreitheamh. Tá beathaisnéis ann faoi gach breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, liosta de bhreithimh uile na Cúirte mar aon le faisnéis faoi cheapadh agus sealbhaíocht Breithiúna na Cúirte Uachtaraí."

Is féidir breithiúnais uile na Cúirte Uachtaraí atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna a rochtain ar an láithreán gréasáin seo. Tá sé cosúil le láithreán na Seirbhíse Cúirteanna freisin sa mhéid is gur féidir leat na breithiúnais a chuardach de réir na bliana nó ard-chuardach a dhéanamh.

"Ar an bhfaisnéis eile atá ar an láithreán tá sonraí teagmhála Oifig na Cúirte Uachtaraí, cur síos gonta ar chóras dlí na hÉireann agus léaráid faoi chóras na gcúirteanna. Lena chois sin tá leabharliosta le haghaidh dlí bunreachtúil na hÉireann ann mar

aon le naisc le láithreáin ghréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, an Iris ISB, An Chúirt Bhreithiúnais Eorpach (ECJ) agus Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine (ECHR)."

Tá téacs Bhunreacht na hÉireann ann as Gaeilge agus as Béarla. Tá gach cuid den láithreán le fáil sa dá theanga. Beidh faisnéis áirithe le fáil as Fraincis agus as Gearmáinis go luath.

I measc na bpleananna atá ann don todhchaí, dar le Tom, tá gailearaí grianghraf na gCeithre Cúirteanna agus liosta de rogha breithiúnas tábhachtach na Cúirte Uachtaraí ó bunaíodh í.

Féadfaidh tú láithreán gréasáin na Cúirte Uachtaraí a rochtain ag www.supremecourt.ie.

Tacaíocht dóibh siúd a thugann tacaíocht d'íospartaigh na coireachta

Leanann an tSeirbhís Chúirteanna uirthi ag óstáil cruinnithe le haghaidh grúpaí úsáideoirí in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Tá feidhm an-tábhachtach inár gcóras dlí ag na grúpaí sin a chuireann tacaíocht ar fáil d'íospartaigh na coireachta. Thug Bridie Murtagh ón Oifig Réigiúnach Lár Tíre an cuntas seo dúinn faoi chruinniú a bhí ann le déanaí sa Tulach Mhór.

"Ba chruinniú an-úsáideach an chéad chruinniú foirmeálta a bhí againn le grúpaí tacaíochta na n-íospartach," arsa Bridie. "Chuir na grúpaí an-spéis ann agus bhí mórchuid saincheisteanna le plé againn."

D'eagraigh an Oifig Réigiúnach Lár-Tíre an dara himeacht le déanaí agus bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh ionadaithe grúpaí éagsúla, lena n-áirítear Amen, an Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartach, Tearmann Ban na Mí agus Nasc Ban an Longfoirt. Ar na gníomhaireachtaí Rialtais a bhí i láthair bhí an Coimisiún Náisiúnta um Cheartas Aisiríoch agus an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta.

I measc na gceisteanna a tarraingíodh anuas bhí oiliúint a chur ar fáil le haghaidh oibrithe deonacha na n-eagraíochtaí éagsúla - ceist a pléadh ag an gcruinniú roimhe sin. Tá imní ar na hoibrithe deonacha nach leor an oiliúint a thugtar dóibh faoi láthair chun íospartaigh a thionlacan chun na cúirte. "Ba mhaith leo faisnéis níos fearr a bheith acu faoi cad ba chóir dóibh a rá nó gan a rá sa chaoi go mbeidh siad in ann comhairle níos fearr a thabhairt do na híospartaigh," arsa Bridie. Ba mhór an sásamh dóibh sin a bhí i láthair an freagra a thug Denis O'Neill ón gCoimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta. Dúirt sé go raibh an Coimisiún ag plé ceist na hoiliúna agus gur mhaith leo tuilleadh a chloisteáil faoina raibh ag teastáil ó na hoibrithe deonacha.

Chuir na Grúpaí spéis ina raibh le rá ag Brian Fitzpatrick ón gCoimisiún Náisiúnta um Cheartas Aisiríoch agus ba mhór leo na bileoga spéisiúla a bhí ar fáil ag an gcruinniú. Míníodh go mba modh malartach an réimse nua dlí seo maidir le héisteachtaí coiriúla a phróiseáil agus gur thug sé deis don íospartach páirt a ghlacadh sa phróiseas pianbhreithe. Tá tuairisc faoi Thuarascáil a d'eisigh an Coimisiún le déanaí le fáil ar leathanach 19.

"D'éirigh chomh breá sin leis an gcruinniú go bhfuil sé ar intinn againn ceann eile a eagrú i gceann sé mhí nó mar sin," arsa Bridie.

Teachtaireacht aí soiléire ag ateangairí

Is léir go bhfuil méadú mór tagtha ar an éagsúlacht eitneach in Éirinn le blianta beaga anuas agus bíonn ar réimse gníomhaireachtaí sna seirbhísí poiblí freastal orthu ar bhealaí nua éagsúla. Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag tabhairt aghaidh ar an ndúshlán seo ar bhealach dearfa réamhghníomhach. Níl sé ach beagán os cionn bliana ó rinneadh conradh le Lionbridge Ireland Ltd chun seirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil le freastal ar an éileamh atá ag fás i gcónaí ó dhaoine atá ag teacht os comhair na gcúirteanna agus nárbh é an Béarla a dteanga dhúchais. Tá an tSeirbhís ag obair le Lionbridge le feabhas a chur ar chaighdeán na n-ateangairí atá ar fáil. Tugann Gerry Curran cuntas thíos ar an tseirbhís seo agus é ag úsáid na bpríomhcheisteanna a chuirtear orainn faoi ateangaireacht.

zAr tháinig fás mór ar ateangaireacht i 2007?

Thosaigh Lionbridge ag soláthar seirbhísí ateangaireachta don tSeirbhís Chúirteanna i mí an Mhárta 2007. Iarradh seirbhísí ateangaireachta i 7054 cás san iomlán le linn 2007. Tharla méadú ollmhór ar an éileamh ar ateangaireacht le 11 bliain anuas agus san infheistiú a rinneadh ann. Tharla méadú faoi thríocha ar an ngá a bhí ann ateangairí a úsáid agus ar an gcostas a bhain leo.

Cad iad na teangacha is mó a úsáidtear sna cásanna sin?

Faighimid tuairiscí mionsonraithe míosúla faoi na teangacha a úsáidtear mar aon le miondealú agus céatadán na dteangacha sin sna cásanna ó cheann ceann na tíre.

Is iad seo a leanas na 5 theanga is mó a iarrtar: Polainnis, Liotuáinis, Rómáinis, Rúisis agus Mandairínis (Sínis). Thugamar faoi ndeara gur tháinig fás in aghaidh na míosa ar mhéid na n-iarratas maidir leis na 5 theanga sin. Is iad seo a leanas líon na 5 theanga is mó a hiarradh i 2007 (ó Mhárta go Nollaig 2007) agus iad mar chéatadán de líon iomlán na n-iarratas.

Teanga a úsáideadh i 2007

Teanga	Total	% Iomlán de na hIarratais go Léir
Polainnis	1738	24.87%
Liotuáinis	1295	18.53%
Rómáinis	1021	14.61%
Rúisis	747	10.69%
Mandairínis	536	7.67%

Lena chois sin aistrímid cuid de na bileoga faisnéise is mó a bhfuil éileamh orthu go teangacha eile ar nós Fraincis, Mandairínis agus Cantainis.

Ar tharla sé uaireanta gur iarradh seirbhís ateangaireachta ach nárbh fhéidir í a chur ar fáil nó nach raibh ateangaire ar fáil a d'fhéadfadh cibé teanga a bhí i gceist a labhairt?

Is fíor-annamh a tharla sé sin. Bhí roinnt beag ócáidí ann nuair a hiarradh an tseirbhís agus nárbh fhéidir í a chur ar fáil láithreach. Is í an chúis ba mhó a bhí leis ná an fógra gearr a tugadh dúinn chun duine a bheith i láthair sa chúirt. In a leithéid de chásanna bhí ateangairí le fáil ó Lionbridge ach níor fhéad siad a bheith i láthair sa chúirt toisc an fógra a bheith chomh ghearr.

Uaireanta ní thugtar fógra dúinn go bhfuil ateangaire ag teastáil ó chosantóirí nó ó fhinnéithe go mbíonn an scéal práinneach agus uaireanta nuair a bhíonn siad sa chúirt cheana féin. Ní féidir ar an ábhar sin ateangaire leis an teanga áirithe sin a chur ar fáil láithreach i gcúirt faoi leith - chun an fhírinne a rá ní fhéadfadh dream ar bith a leithéid a dhéanamh.

Is gá líon beag cásanna a chur ar athlá chun ateangaire a fháil toisc a annaimhe a iarrtar an teanga áirithe sin.

Cén fháilte a cuireadh roimh an tseirbhís nua – ar aistríodh go réidh ón seanchóras go dtí an córas nua?

Chuir Lionbridge ateangairí ar fáil in 129 ionad éagsúla sa tseirbhís chúirteanna ar fud na tíre i 2007. Rinneadh gearáin faoi níos lú ná 1% de líon na n-iarratas. Rinneadh iad sin de bharr na ndeacrachtaí a bhí ann seirbhís úrnua a chur ar fáil ar fud na tíre agus de bharr an chórais nua chun ateangairí a chur in áirithe agus de bharr deacrachtaí cumarsáide. In ainneoin na ndeacrachtaí tosaigh seo a d'fhéadfaí a bheith ag súil leo bhí ráta sástachta de bhreis agus 99.5% ag an tseirbhís ateangaireachta.

Ní bhíonn fadhb nó deacracht ar bith ann i bhformhór mór na gcásanna ina n-úsáidtear ateangaire.

Bíonn sé soiléir de bharr imeachtaí idirghníomhacha na cúirte féin má bhíonn easpa soiléire nó tuisceana ar dhuine. Is fíor-annamh a tharlaíonn sé sin agus faightear ateangaire eile sna cásanna sin.

An bhfuil aon socruithe ann maidir le húsáid ateangairí?

D'eisíomar nóta treorach chuig na breithiúna, na cláraitheoirí agus foireann na cúirte le cabhrú leo an leas is fearr a bhaint as seirbhísí ateangairí. Bhí nótaí ann faoi dhualgais na n-ateangairí, an modh ateangaireachta a úsáidimid agus freagracht na foirne, agus treoir do na breithiúna maidir le ceisteanna mar fad na fianaise agus na n-argóintí dlíthiúla sula n-iarrtar ar ateangaire aistriúchán a thabhairt; nó an gá comhairle a thabhairt don ateangaire faoi chásanna de chineál áirithe ar nós cásanna a mbeadh fianaise mhíochaine nó theicniúil faoi leith i gceist iontu nó cásanna a baineann le mionaoisigh.

Cé mhéid ateangairí atá fostaithe faoi láthair san obair seo? An bhfuiltear ag súil ateangaireacht a úsáid i gcás teangacha eile sna cúirteanna?

Thug Lionbridge le fios don tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil 1,200 ateangairí acu faoi láthair. Tá an uimhir seo ag dul i méid i gcónaí óir tá siad ag iarraidh daoine a earcú an t-am go léir ar fud na tíre.

Chuir Lionbridge seirbhísí ateangaireachta ar fáil i 75 teanga sna cúirteanna i 2007. Cuirtear teangacha nua ar fáil de réir mar a iarrtar iad. Déanann Lionbridge agus an tSeirbhís Chúirteanna gach iarracht is féidir chun gach riachtanas nua a shásamh. Teangacha nua á gcur ar fáil de réir an éilimh atá orthu. Ós rud é go bhfuil ateangairí ag Lionbridge faoi láthair ag cur seirbhísí ar fáil i 175 teanga ní cóir go mbeadh sé deacair aon mhéadú ar an éileamh a shásamh.

Tá an tseirbhís seo fíor-riachtanach, cé mhéid airgid a chaitear uirthi?

Chaith an tSeirbhís Chúirteanna os cionn €2 milliún ar sheirbhísí ateangaireachta i 2007. Measaimid go gcosnóidh sí os cionn €2.5 milliún i 2008.

Leibhéil Cháilíochta

Is iad seo na leibhéil cháilíochta a iarradh ar Lionbridge a éileamh le haghaidh na n-ateangairí - agus béim a leagan ar leibhéal a trí nó a ceathair sna teangacha is minice a úsáidtear.

Leibhéal 1: Gur féidir a thaispeáint go bhfuil greim mhaith ag an duine ar an mBéarla agus ar an teanga atá i gceist.

Leibhéal 2: Gurb í an teanga sin teanga dhúchais an té sin agus gur féidir a thaispeáint go bhfuil greim mhaith ar an mBéarla aige nó aici nó gur Béarla a t(h)eanga dhúchais agus gur féidir a thaispeáint go bhfuil greim mhaith aige nó aici ar an teanga eile.

Leibhéal 3: Gurb é Béarla teanga dhúchais an duine sin agus go bhfuil cáilíocht tríú leibhéal aige nó aici sa teanga atá i gceist nó gurb í an teanga sin a t(h)eanga dhúchais agus go bhfuil cáilíocht tríú leibhéal aige nó aici sa Bhéarla.

Leibhéal 4: Go bhfuil cáilíochtaí Leibhéal 3 ag an té sin mar aon le cáilíochtaí san aistriúchán nó san ateangaireacht.

Dul chun cinn á dhéanamh fós maidir le foirgnimh

Tá mórchuid oibre ar siúl ó thaobh foirgneamh na gcúirteanna faoi mar a insíonn Shay Kirk ón Aonad Gnó Eastát agus Foirgneamh.

Cuireadh feabhas mór a lán de na tithe cúirte i mbailte contae na tíre. Rinneadh athchóiriú orthu agus cuireadh síneadh leo ó 1999 i leith. Ní fada go mbeidh foirgneamh breá cúirte ag gach baile contae sa tír agus na háiseanna is nua-aimseartha iontu. Tá obair tosaithe againn i gCill Chainnigh agus cuirfear tús le hathchóiriú tithe cúirte Mhuineacháin agus An Mhuileann gCearr níos déanaí sa bhliain. Cuirfear tús le cúrsaí pleanála i gcás tithe cúirte Loch Garman, Chill Mhantáin agus Phort Láirge agus táimid gnóthach ag iarraidh áiteanna tógála a fháil le haghaidh tithe cúirte nua i Ros Comáin, Trá Lí agus Gaillimh.

Tá mórchuid déanta againn sna bailte contae agus is cúis áthais dom a bheith in ann a rá go bhfuil sé ar ár gcumas dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na tithe cúirte sna bailte agus sna hionaid níos lú - áiteanna nach ndearnadh aon obair mhór fhorbartha orthu le blianta. Beidh sé ar ár gcumas dlús a chur faoi roinnt tionscadal níos lú de bharr socruithe nua atá déanta againn le hOifig na nOibreacha Poiblí. Tosófar ag obair níos déanaí sa bhliain i gCluainín, Béal Átha na Muice agus Eochaill agus cuireadh tús le cúrsaí pleanála i Maigh Chromtha, Béal an Átha Móir, Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh, Carn Domhnach agus Biorra. Beidh ionaid níos lú ar fáil sna míonna agus sna blianta atá romhainn.

Tá thart ar €200 milliún caite ag an tSeirbhís Chúirteanna ar fhoirgnimh go dtí seo. Faoi mar a foilsíodh i 2007, táthar chun €500 milliún a chur ar fáil dúinn sa Phlean Forbartha Náisiúnta don tréimhse ó 2007 go 2013 le haghaidh caiteachas caipitil, lena n-áirítear Foirgnimh agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Caithfear thart ar €160 milliún ar Chomhpháirtíochtaí Phríobháideacha Phoiblí agus fágann sin thart ar €270 milliún dár gClár Tógála Caipitil agus tá an chuid eile le caitheamh ar TFC.

Rinneadh athbhreithniú ar an gclár tógála le déanaí agus aithníodh 70 tionscadal eile inar gá saoráidí a fheabhsú nó a uasghrádú. Tá pleanáil á dhéanamh cheana féin faoina lán acu. Cuirfear trí cinn acu ar fáil trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí - tithe nua cúirte ag Leitir Ceanainn agus Luimneach, síneadh a chur le Cúirt Dúiche Chorcaí agus teach nua cúirte i nDroichead Átha mar chuid de Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí le hOifig na nOibreacha Poiblí chun oifigí díláraithe a chur ar fáil.

Tá treoir maidir le dearadh tithe cúirte leagtha amach againn i gcomhar le lucht a n-úsáide. Cuireann sí seo an éagsúlacht riachtanas san áireamh. Baineann a lán de na pointí le príobháideacht agus le slándáil. Cuirtear béim ar inrochtaineacht agus an gá atá ann saoráidí nua-aimseartha a chur ar fáil dóibh siúd go léir a úsáideann na cúirteanna, lena n-áirítear na breithiúna, an fhoireann, cleachtóirí dlí, giúróirí, íospartaigh na coireachta, finnéithe, An Garda Síochána agus an tSeirbhís Phríosúin. Tá obair ar siúl againn i gcónaí chun saoráidí a fheabhsú le haghaidh úsáideoirí uile na gcúirteanna agus fós oidhreacht na bhfoirgneamh breá seo a chaomhnú ar son mhuintir na hÉireann.

Is mór an dul chun cinn atá déanta ó bunaíodh an tSeirbhís Chúirteanna i 1999 ach tá mórchuid oibre le déanamh fós, go mór mór sna hionaid níos lú.

4 Iúil 2007

17 Meán Fómhair 2007

6 Samhain 2007

21 Nollaig 2007

Ag éirí aníos ó scáth an FHÉINICS

Tá Ollionad na gCúirteanna Coiriúla á thógáil taobh le Páirc an Fhionnuisce agus mar is léir ó na grianghraif tá an sceideal á shárú aige agus tá sé go hard os cionn na spéirlíne cheana féin. (Níl sé ag éirí ón luaith faoina ndéanann an t-éan miotaseolaíochta sin a ndéantar tagairt dó san ainm Béarla a baisteadh mar aistriúchán ar an bpáirc). Cuireadh tús leis an ollionad seo lena 22 seomra cúirte 12 mhí ó shin agus is fíorspéisiúil an obair thógála é. Léiríonn ár sraith grianghraf a bhfuil dátaí agus am leo an dul chun cinn atá déanta ó gearradh an chéad fhód go deireadh na míosa seo caite nuair a thosaigh dealramh agus scála mór an ollionaid ag teacht chun solais. Tugaimid léiriú freisin ar an dealramh a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfoirgneamh i rith na hoíche nuair a chríochnófar é.

Tá an tionscadal le críochnú go luath i 2010. Coinneoidh Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna ar an eolas sibh faoi sna heagráin atá le teacht.



29 Bealtaine 2008

Achrann san Ionad Oibre a **Sheachaint nó a Réiteach**

Cúis mhór mhíshonais agus struis is ea coinbhleachtaí san ionad oibre agus cuireann siad as go mór don bhfoireann ina gcuid oibre agus ina saol pearsanta. Ní gá a rá gurb é leas gach aon duine go mbeadh atmaisféar dearfa ar fáil i gcónaí, ach cén chaoi ar féidir é sin a dhéanamh? Féachann Luke O'Neill ar idirghabháil san ionad oibre agus tugann sé tuairisc dúinn faoi roinnt forbairtí sa Choiste Lárnach Comhpháirtíochta.

Idirghabháil

Pléadh bealach amháin chun deachaidreamh a choinneáil agus fadhbanna tionsclaíocha a sheachaint ag caint a thug Peadar Ward le déanaí ag 'Lón agus Foghlaim'. Baineann Peadar le hAonad Gnó Eastát agus Foirgneamh na Seirbhíse Cúirteanna. Thug sé cuntas ar an bpróiseas idirghabhála san ionad oibre. Is féidir toradh níos sásúla a chur ar fáil do na páirtithe sa chaoi seo agus dísciú acmhainní na heagraíochta a laghdú.

Tá ionad oibre an lae inniu ag athrú go tapa agus is féidir leis na nósanna imeachta gearán a bheith as dáta dá bharr sin. Is minic a bhíonn siad maorlathach mall. Lena chois sin bíonn nósanna imeachta forordaithe acu agus srianta leis an torthaí is féidir a bheith acu. Is minic a bhíonn 'an bua' ag taobh amháin agus uaireanta 'cailleann' an dá thaobh.

Bíonn coinbhleachtaí san ionad oibre éagsúil ó thaobh cineál agus géire. Tá bulaíocht, ciapadh agus leithcheal ar na fadhbanna is tromchúisí. Tá coimhlintí pearsanta, strus, roghnú duine amháin le hardú céime a fháil in áit duine eile agus ceisteanna feidhmíochta ar na fadhbanna eile. Is féidir fadhbanna a chruthú san oifig i gcásanna áirithe má fhágtar míthuiscint shimplí gan réiteach. Cé gurb é a scéal féin scéal gach aon duine is féidir gach ceann de na fadhbanna thuas a réiteach trí mheán na hidirghabhála.

Roghnaigh Peadar oráiste chun modh oibre na hidirghabhála maidir le réiteach coinbhleachtaí a thaispeáint. Cad é an toradh is cosúla a bheadh ann dá dtabharfaí cás faoi oráiste chun na cúirte? Roinnfí in dhá leath é go minic. Dá leanfaí an nós imeachta traidisiúnta gearáin d'fhéadfadh duine amháin an t-oráiste go léir a fháil agus d'fhágfaí an duine eile gan aon rud. Nuair a bhíonn seisiún idirghabhála ann is féidir na ceisteanna cearta a chur agus fáil amach cén fáth a bhfuil an t-oráiste ag teastáil ó na páirtithe. D'fhéadfadh an craiceann a bheith ag teastáil ó dhuine amháin agus an forchraiceann ó dhuine eile. Sa chaoi sin d'fhéadfaí an dá thaobh a shásamh.

Ar cheann de na príomhláidreachtaí atá ag idirghabháil san ionad oibre is ea an chaoi is féidir an fhadhb a aithint go luath. Is mó an seans atá ann go réiteofar fadhb má théitear i ngleic léi go luath toisc go mbíonn níos mó dialóige ann mar aon le breis tuisceana agus toisc go gcuirtear béim níos mó ar mheas na bpáirtithe ar a chéile. Is próiseas deonach faoi rún í an idirghabháil agus ní bhíonn aon socrú réamhcheaptha aici d'fhadhb ar bith. Moltar do na páirtithe díriú ar na príomhcheisteanna, guaim a choinneáil orthu féin agus é a bheith de chuspóir acu teacht ar réiteach sásúil.

Ní slat draíochta í an idirghabháil a réiteoidh gach fadhb. Ní mór aigne agus mothúcháin na bpáirtithe agus tosca eile a chur san áireamh. D'fhéadfadh réim cógais a bheith ag páirtí amháin, mar shampla; nó d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair an caidreamh idir na páirtithe a chur ina cheart arís dá mbeadh an choinbhleacht ar siúl ar feadh tréimhse an-fhada; d'fhéadfadh páirtí amháin a bheith i bhfad níos cumhachtaí ná an páirtí eile (bheadh príomhoifigigh feidhmiúcháin i bhfad ní ba chumhachtaí ná oifigigh chléireachais, mar shampla); nó b'fhéidir gur theip ar na hiarrachtaí a

Nuair a bhíonn seisiún idirghabhála ann is féidir na ceisteanna cearta a chur agus fáil amach cén fáth a bhfuil an t-oráiste ag teastáil ó na páirtithe. D'fhéadfadh an craiceann a bheith ag teastáil ó dhuine amháin agus an forchraiceann ó dhuine eile. Sa chaoi sin d'fhéadfaí an dá thaobh a shásamh.

rinneadh cheana chun an scéal a réiteach; nó d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh aon chomhthuiscint nó comhsheasamh idir an dá thaobh.

Sula dtarlaíonn aon rud ní mór don dá pháirtí socrú páirt a ghlacadh sa phróiseas agus ní mór dóibh a bheith réalaíoch faoina bhfuil siad ag súil leis. Socraítear na rialacha. Bíonn deis ag an dá thaobh a dtuiscint féin ar an bhfadhb a thabhairt agus freagra a thabhairt ar dhearcadh an taoibh eile. Déantar coimriú ar ar tharla agus scrúdaítear roghanna éagsúla maidir le réiteach solúbtha inbhuanaithe a d'fhéadfaí a fháil.

Buntáistí na hIdirghabhála

- Costas íseal
- Í a bheith faoi rún
- Socrú comhaontaithe nó comhshocrú dá bharr
- Smacht ag na páirtithe ar an toradh
- Gnáthagallamh
- Beirt bhuaiteoirí
- An toradh curtha in oiriúint do riachtanais na bpáirtithe
- Éascaítear réitigh sholúbtha chruthaitheacha

Comhpháirtíocht - chun síocháin sa chaidreamh tionsclaíoch a chothú agus a choinneáil

D'éirigh go breá leis an tSeirbhís Chúirteanna ó thaobh díospóidí tionsclaíocha ó bunaíodh í i 1999. Tharla sé seo nuair a bhí eagraíocht nua á bunú agus cúrsaí ag athrú agus nuair a hiarradh a lán ón bhfoireann agus nuair a bhí na seanmhodhanna oibre á gcur ar ceal. B'fhurasta ar an ábhar sin caidreamh míchompordach a bheith ann agus olc a chur ar dhaoine ach in ainneoin sin is uile rinneadh an-dul chun cinn ar a lán bealaí. Bhí samhlaíocht agus muinín ag teastáil agus leanadh ar aghaidh gan aon choinbhleacht dhíreach ná díospóid thionsclaíoch. Caithfear creidiúint a thabhairt do phróiseas na comhpháirtíochta de bharr ar tharla.

Rinne an Coiste Lárnach Comhpháirtíochta athbhreithniú foirmiúil ar na struchtúir chomhpháirtíochta le déanaí agus rinne siad iad a mheas. Tá sé beartaithe go leanfar ar aghaidh leis na Coistí Réigiúnacha Comhpháirtíochta toisc gur moladh go hard iad. Tá Coiste Comhpháirtíochta Bhaile Átha Cliath le hathbhunú agus tá trí choiste nua le bunú.

Cabhróidh an chéad cheann acu le Stiúrthóir Oibríochtaí na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí, Nuala McLoughlin, Plean Gnímh nua um Sheirbhís Custaiméirí a ullmhú. Díreoidh an dara ceann ar Phlean le haghaidh Seirbhís Inmheánach do Chustaiméirí. Táthar chun oifig aontaithe amháin a bheith ag na Cúirteanna Coiriúla in Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla agus cabhróidh an tríú coiste leis an mbainisteoir tionscadal bainistiú a dhéanamh ar an aistriú sin.

Glactar le struchtúir chomhpháirtíochta na Seirbhíse Cúirteanna mar shampla agus mar eiseamláir sa tSeirbhís Phoiblí. Iarradh ar bhaill le blianta beaga anuas labhairt ag comhdhálacha san earnáil phríobháideach agus phoiblí a d'eagraigh an tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta. Lena chois sin tá ról tábhachtach i gcónaí ag an gclár comhpháirtíochta ag tacú leis an gclár athnuachana atá ar siúl. Cé gur riachtanas de chuid na gComhaontaithe éagsúla Náisiúnta Pá í an chomhpháirtíocht (agus I dTreo 2016 san áireamh) tá glactha ag foireann na Seirbhíse léi agus is iomaí tairbhe atá ag an tSeirbhís dá barr.

Bíonn cothromaíocht inscne sa chomhpháirtíocht agus ionadaithe ó gach dlínse cúirte, grád agus limistéar tíreolaíochta inti. Bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina chathaoirleach ar an gCoiste Lárnach agus bíonn an Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus an tOifigeach Pearsanra i láthair. Bíonn ionadaithe lucht bainistíochta, na gceardchumann, na foirne agus na réigiún ina mbaill di agus bíonn an guth céanna ag cách.

Is féidir leis an bhfoireann go léir páirt a ghlacadh sa phróiseas comhpháirtíochta. Chun an fhírinne a rá, spreagtar na baill foirne páirt a ghlacadh sna trí choistí nua agus sna coistí eile atá le ceapadh amach anseo.

Ba chóir do na baill foirne sin ar mhaith leo páirt a ghlacadh in aon cheann de na Coistí Comhpháirtíochta thuas dul i dteagmháil le Lauri Walsh nó le hEmer Darcy i Rannóg na nAcmhainní Daonna.

Na Breithiúna, an tAire Dermot Ahern, aíonna ar tugadh cuireadh dóibh agus foireann na Seirbhíse Cúirteanna ag oscailt oifigiúil Theach Cúirte Bhaile Átha Fhirdhia.

Suíonn an Ard-Chúirt i dTeach Cúirte nua-oscailte

BHAILE ÁTHA FHIRDHIA

Is féidir déileáil le réimse níos leithne de ghnóthaí na cúirte toisc áiseanna nua cúirte a bheith curtha ar fáil ar fud na tíre. Ceaptar de ghnáth gurb í an Chúirt Dúiche a bhíonn i mBaile Átha Fhirdhia i gContae Lú, ach ó cuireadh teach cúirte nua ar fáil in Ionad Seirbhísí Sibhialta Lár Chontae Lú beidh an Ard-Chúirt ina suí ann sna seachtainí atá romhainn. Tugann Gerry Curran tuairisc dúinn faoin oscailt oifigiúil agus insíonn faoi na pleananna atá ann dó amach anseo.

Ba é seo an chéad ócáid oifigiúil a bhí ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An tUasal Dermot Ahern T.D., leis an tSeirbhís Chúirteanna. Bhí Uachtarán na Cúirte Cuarda, an Breitheamh Matthew Deery i gceannas ar oscailt theach na cúirte atá ina cuid d'Ionad Cathrach a bhfuil oifigí ann le haghaidh Comhairle Contae Lú agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Chosain an t-iomlán €4.7 milliún.

"Lá breá do mhuintir Bhaile Átha Fhirdhia agus lucht úsáide na cúirte anseo is ea oscailt na saoráide breá seo," a dúirt an tUachtarán Deery. "Tá an tionscadal críochnaithe seo a fheiceann sibh timpeall oraibh anseo inniu ar aon dul leis an athnuachan atá á déanamh faoi láthair ar na cúirteanna,"

agus d'fhógair sé, "ní amháin go gcuirfear i bhfeidhm gnáthghnóthaí na cúirte a bhfuiltear ag súil leo is atá beartaithe le haghaidh teach na cúirte seo, ach tá cinneadh déanta ag Uachtarán na hArd-Chúirte leas a bhaint as an áitreabh seo lena háiseanna breátha chun an Ard-Chúirt a thabhairt chuig Baile Átha Fhirdhia don chead uair riamh i stair an Stáit. Ní suí searmanach é seo a tharlóidh uair amháin agus a bheidh thart ansin ach aistreofar éisteachtaí iomlána agus cásanna na hArd-Chúirte anseo chun an leas is fearr a bhaint as an acmhainn nua seo".

Foirgneamh dinimiciúil ó thaobh na hailtireachta de is ea Teach Cúirte Bhaile Átha Fhirdhia agus é cónasctha go dlúth leis an bpáirc

Thuas: An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An tUasal Dermot Ahern T.D. agus thuas: An tUachtarán Matthew Deery.

phoiblí taobh leis. Baineadh úsáid as ábhair agus as teicneolaíochtaí inbhuanaithe nuair a bhí an foirgneamh á dhearadh, rud a chruthaíonn sláinte agus compord timpeallachta dóibh siúd a bhíonn istigh ann.

D'fhógair an tAire Ahern, "luíonn sé le réasún ó thaobh airgid de go dtógfaí oifigí Chomhairle Contae Lú, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Teach na Cúirte ar aon suíomh amháin agus is sampla breá é den chaoi is féidir le gníomhaireachtaí Stáit oibriú i gcomhar le chéile chun seirbhísí a sholáthar go háitiúil ar bhealach costéifeachtach.

Lean sé air agus dúirt, "gan trácht ar a chaoithiúla

is atá sé na seirbhísí seo go léir a bheith ar an t-aon láthair inrochtana amháin, ach laghdaíonn an t-ollionad seo an tionchar atá ar an timpeallacht de bharr iad a chur ar fáil. Dearadh an t-ollionad go tuisceanach sa chaoi go dtéann sé go maith lena bhfuil timpeall air agus tacaíonn an t-adhmad agus na hábhair aiceanta eile a úsáideadh leis an éifeacht seo. Cúis iontais faoi leith dom

an chaoi a dtéann an tIonad lena bhfuil timpeall air go mór mór le páirc 'Na Faiche' taobh leis."

"Cruthaíonn an fhorbairt seo gur féidir ár dtimpeallacht a chaomhnú agus ár mbonneagar poiblí a fheabhsú ag an am céanna. Tá an chúirt á haistriú ó chaisleán atá ann ón 3ú céad déag go hollionad nua-aimseartha ar léir go mbaineann sé le hÉirinn an lae inniu. Tá an-dul chun cinn déanta ag an tSeirbhís Chúirteanna ag feabhsú na dtithe cúirte ar fud na tíre."

Foirgneamh dinimiciúil ó thaobh na hailtireachta de is ea Teach Cúirte Bhaile Átha Fhirdhia agus é cónasctha go dlúth leis an bpáirc phoiblí taobh leis. Dearadh é i slí gur úsáideadh ábhair agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe.

Ag an oscailt oifigiúil i mBaile Átha Fhirdhia ó chlé Brendan Cleary, Príomhchléireach, Denise Clerkin, Elaine Clarke (iad go léir ó Chúirt Dúiche Dhún Dealgan) an Príomhchléireach ar scor Gay Berkery agus Alice Hennessy Príomhchléireach ó oifig Chúirt Chuarda Mhuineacháin.

Lá Oiliúna le haghaidh Cláraitheoirí Cúirte

Tionóladh comhdháil le haghaidh Cláraitheoirí Cúirte de gach grád ó Réigiúin an Oirthir, Lár Tíre agus an Tuaiscirt sa Mhuileann gCearr le déanaí. Ba é seo an chéad uair ar tháinig foirne na cúirte ó na Réigiúin seo le chéile ar bhonn foirmiúil. Labhraíomar le Bainisteoir Réigiúnach an Oirthir, Gerry Nugent ag deireadh an lae sin a raibh an-rath go deo air.

"Bíontach an spéis a chuir daoine ann. Bhí an oiread sin daoine ag iarraidh a bheith i láthair go bhfuil sé i gceist againn dara seisiún a bheith againn níos déanaí sa bhliain le freastal orthu siúd nach raibh in ann a bheith ann. Bhí ionadaithe ó beagnach gach oifig agus ón gCúirt Chuarda agus ón gCúirt Dúiche i láthair agus bhí 80 cláraitheoir cúirte i láthair ar an lá. Tháinig cuid acu ó Bhaile Átha Cliath. Bhí daoine as gach grád i láthair, idir Oifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Cúnta."

Ba é Stiúrthóir Oibríochtaí na Cúirte Cuarda agus Dúiche Diarmaid Mac Diarmada a rinne cur i láthair. Ní fada go mbeidh sé ag dul ar scor agus bhí sé le rá aige gurbh é sin an chéad uair ar fhreastal sé ar a leithéid d'imeacht. "Tá an tSeirbhís Chúirteanna go mór faoi chomaoin ag na cláraitheoirí cúirte a chuireann seirbhís den scoth ar fáil le haghaidh na mílte daoine a úsáideann na cúirteanna gach lá," ar seisean. Dúirt sé lena chois sin go mbíonn cláraitheoirí na gCúirteanna Cuarda agus Dúiche ag déileáil le daoine as gach náisiún agus le réimse leathan de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear na breithiúna, na Gardaí agus an tSeirbhís Tionlacain Phríosúin.

Labhair an Stiúrthóir Airgeadais, Sean Quigley faoi Phlean Straitéiseach nua na Seirbhíse Cúirteanna agus faoi bhainistíocht rioscaí. Bhí díospóireacht ann faoin bPlean agus ba léir go raibh mórchuid ar eolas ag na cainteoirí faoi. Cuireadh an oiread spéise ann go bhfuil sé molta anois go gcuirfí ceardlanna faoi leith ar fáil faoin bPlean Straitéiseach le haghaidh na foirne i ngach Réigiún sna seachtainí atá romhainn.

Thug Príomhoifigeach na Stiúrthóireachta Athchóirithe agus Forbartha, Noel A. Doherty, cur i láthair a bhí lán d'fhaisnéis agus an-suimiúil go deo faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 2006. "Cuireadh an oiread sin spéise san ábhar go bhféadfaí an lá go léir a chaitheamh ar an ábhar sin amháin," arsa Gerry Nugent. "Is léir ón aiseolas a tugadh dúinn faoin gcomhdháil gur mór an tairbhe iad seisiúin faisnéise cosúil leis an gceann a thug Noel."

Mhínigh beirt ón Stiúrthóireacht TFC, an Príomhoifigeach Darach Green, agus an Leas-Phríomhoifigeach Ciaran Caverly an córas taifeadta digiteach fuaime atá á chur i roinnt seomraí cúirte ar fud na tíre mar threoirthionscadal. Thug Scrúdaitheoir na hArd-Chúirte, Jim Finn, cuntas ar shonraí an Chórais Bainistíochta um Chásanna Sibhialta atá á mholadh.

"Ba léir ón aiseolas gurbh fhiú go mór an tionscnamh,"

a dúirt Gerry. "Tugadh deis don bhfoireann teacht le chéile ar bhonn foirmiúil chun plé a dhéanamh ar rudaí tábhachtacha ó thaobh na reachtaíochta de agus ar shaincheisteanna a bhaineann le hathruithe sa tSeirbhís Chúirteanna. Is fiú a rá freisin nár ceileadh aon ghné shóisialta orthu siúd a shroich An Muileann gCearr an tráthnóna roimh ré. Fuair roinnt daoine amach go raibh guthanna breátha amhránaíochta acu a bhí coinnithe faoi cheilt acu le tamall!!"

Focal buíochais ó Gerry. "Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann sna hOifigí Lár Tíre, an Tuaiscirt agus an Oirthir a d'eagraigh an ócáid - tá an-chreidiúint ag dul dóibh as a ndearna siad. Bhí na cainteoirí agus iad siúd a ghlac páirt ann fial lena gcuid ama agus bhí caighdeán an-ard ag an ábhar go léir a cuireadh i láthair. Mar fhocal scoir, ní mór a rá nach mbeadh aon ócáid ann ar chor ar bith murach tiomantas agus dúthracht na gcláraitheoirí a bhí i láthair. Tá fás ag teacht i gcónaí ar an méid a bhíonn le déanamh le linn uaireanta oifigiúla oibre agus is mór linn go ndearna gach duine acu a ndícheall go n-éireodh thar cionn leis an gcomhdháil."

Rita Monaghan agus Aisling Smith, ó Chúirt Dúiche an Mhuilinn Chearr.

Comh-Phríomhchléirigh Chúirt Dúiche Bhaile Átha Troim, Noreen Halpin agus Audrey Cadden.

Tugann an Coimisiún Moltaí faoi Cheartas Aisiríoch

Aibhsíonn an Tuarascáil leaganacha éagsúla den Cheartas Aisiríoch go hidirnáisiúnta

Tugann **Luke O'Neill** le fios dúinn gurb iad an dá phríomh-mholadh a bhí sa tuarascáil eatramhach ón gCoimisiún Náisiúnta um Cheartas Aisiríoch (NCRJ) a foilsíodh le déanaí ná go gcuirfí scéimeanna treoirthionscadail um cheartas aisiríoch ar siúl i gceantair i lár na cathrach agus go ndéanfaí an tiomsú sonraí cás a leathnú amach.

Bunaíodh an NCRJ i mí Márta 2007 agus an Breitheamh Mary Martin ina cathaoirleach air. Deir sé ina thuairisc faoin Scéim Rabhaidh d'Aosaigh go bhféadfadh prionsabail aisiríocha a bheith mar chuid di. D'fhéadfadh taithí luachmhar a bheith ag an nGarda Síochána sa chomhthéacs sin ó thaobh cur i bhfeidhm Chlár Athstiúrtha na hÓige an fhórsa.

Molann an tuarascáil i gcás cúrsaí príosúin go mb'fhéidir go gcuirfí treoirscéim ar bun díríthe ar líon beag príosúnaithe oiriúnacha nach mbeadh céim scaoilte amach sroichte acu fós agus go ndéanfaí é sin ar iarratas an íospartaigh, an chiontóra nó na beirte acu araon. Ní bhainfeadh a leithéid de threoirscéim ach le 12 chás thar tréimhse dhá bhliain. Moltar sa tuarascáil go mbeifí cúramach nach mbeadh aon duine ina (h)íospartach faoi dhó de thoradh páirt a ghlacadh in aon threoirthionscadal a mholfaí.

Tugann an Coimisiún le fios gur cheist thábhachtach í an chaoi a chuirtear ceartas aisiríoch ar fáil. Táthar fós ag plé ar chóir d'eagraíocht amháin breathnú i ndiaidh an réimse seo nó ar chóir é a thabhairt d'eagraíochtaí atá ann cheana féin.

Tugtar ceartas aisiríoch ar na hiarrachtaí a déantar íospartaigh, ciontóirí agus an pobal i gcoitinne a thabhairt le chéile chun go bhféadfaidh siad iarracht a dhéanamh an tionchar atá ag an gcoireacht a réiteach.

Tá an Coimisiún ag féachaint cathain a d'fhéadfaí ceartas aisiríoch a chur i bhfeidhm sa chóras ceartais choiriúil - roimh chúiseamh, roimh chiontú, roimh ghearradh pianbhreithe nó tar éis a gearrtha.

"Tá faisnéis an-úsáideach i dtuarascáil an lae inniu agus leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh lena chuid oibre ag cur bailchríoch ar a chuid tuairimí faoin bhealach is fearr a d'fhéadfaimis úsáid an cheartais aisirígh a leathnú amach," a dúirt An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Dermot Ahern T.D.

faoi fhoilsiú na tuarascála. "Caithfimid breathnú ar gach gné den scéal agus dearcadh soiléir a bheith againn faoin gcaoi a d'fhéadfaí ceartas aisiríoch a chur i bhfeidhm sa dlínse seo."

Tugtar ceartas aisiríoch ar na hiarrachtaí a déantar íospartaigh, ciontóirí agus an pobal i gcoitinne a thabhairt le chéile chun go bhféadfaidh siad iarracht a dhéanamh an tionchar atá ag an gcoireacht a réiteach. Léiríonn taighde a rinneadh gur féidir le ceartas aisiríoch laghdú a dhéanamh ar rátaí athchiontaithe agus go mbíonn íospartaigh níos sásta leis an gcóras ceartais coiriúil dá bharr.

Tá ceartas aisiríoch de chineál amháin nó de chineál eile in úsáid ag thart faoi 80 tír agus iad ag dul i ngleic le coireacht. Tá cuntas sa Tuarascáil ar cheartas aisiríoch de chineálacha éagsúla - ar nós idirghabháil idir an íospartach agus an ciontóir agus comhdhálacha agus ciorcail gearrtha pianbhreitheanna.

Tá ceartas aisiríoch de chineál amháin nó de chineál eile in úsáid ag thart faoi 80 tír agus iad ag dul i ngleic le coireacht. Tá cuntas sa Tuarascáil ar cheartas aisiríoch de chineálacha éagsúla - ar nós idirghabháil idir an íospartach agus an ciontóir agus comhdhálacha agus ciorcail gearrtha pianbhreitheanna - sa Nua-Shéalainn, san Astráil agus i gCeanada. Tugtar le fios go bhfuil an oiread sin bealaí le tabhairt faoi ar fud an domhain

"gur deacair teacht ar bhunús eiseamláire a bheadh éifeachtach gach áit." Aithníodh 12 mhodh den cheartas aisiríoch i gCeanada amháin.

Cuirfidh NCRJ a tuarascáil scoir ar fáil an bhliain seo chugainn.

Scéal giúróra

Is minic a thugamar scéalta faoi ghiúróirí chugaibh ó Éirinn agus ó áiteanna ar fud an domhain. Tugann giúróir, a bhí ina mhúinteoir oideachais speisialta ach atá anois ar scor, cuntas dúinn ar an taithí a bhí aige féin ar bheith ina ghiúróir.

Shíleas nuair a fuaireas Toghairm Giúróra le freastal ar an gCúirt Choiriúil Chuarda go mba éileamh réasúnta a bhí ann mo dhualgas a chomhlíonadh mar shaoránach. Ghearrfaí fíneáil €63.49 orm mura mbeinn i láthair agus gan leithscéal réasúnta a bheith agam.

Bhí thart faoi 200 duine i láthair i seomra na cúirte. Léigh oifigeach cúirte amach liosta uimhreacha agus ainmneacha. Chuamar síos staighre go seomra feithimh. Níor iarradh ar aon duine den phainéal nó den ghiúiré a aitheantas a chruthú. Bhí an oiread sin catagóirí daoine ann a bhí neamh-inroghnaithe nó a raibh leithscéalta acu gur dheacair giúiré a roghnú a bheadh ina sampla ionadaíoch den chineál sochaí atá againn. Ba bheag comhrá a rinneadh. Ní raibh aon duine cinnte faoina raibh i ndán dúinn agus d'éirigh an t-atmaisféar ní ba dheacra de réir a céile.

Léirigh monatóir teilifíse breitheamh i seomra cúirte. Dúirt sé go raibh giúróirí le cur ar rolla an ghiúiré. Thug sé treoracha cruinne soiléire faoi. Insíodh dúinn cé bhí cúisithe agus na cúiseanna a bhí curtha ina leith. Tarraingíodh fiche ainm as druma sa seomra cúirte agus chuaigh na daoine a roghnaíodh suas staighre. Bhí sé de cheart ag an lucht cosanta cur in aghaidh seachtar acu siúd gan fáth gan ábhar. D'fhéadfadh na Giúróirí a iarraidh ar an mbreitheamh go ligfí dóibh imeacht ach nochtfaí go poiblí cibé breith a thabharfadh sé. Rollaíodh trí ghiúiré an mhaidin sin sular scaoileadh an chuid eile againn saor.

Tharla an rud céanna an mhaidin dar gcionn agus cuireadh dhá ghiúiré ar an rolla. Bhí beagán caidrimh idir lucht an phainéil ar an tríú maidin agus muid ag fanacht agus ag féachaint ar na monatóirí. Chuala mé m'ainm á ghlaoch amach mar uimhir a 17. Bhí seomra na cúirte lán le daoine - abhcóidí, dlíodóirí, oifigigh phríosúin, gardaí agus oifigigh chúirte. D'iarr mé an mhionn a thabhairt trí Ghaeilge ach ní raibh leagan Gaeilge le fáil. Choimrigh an breitheamh don ghiúiré nua agus thug sé cuntas dúinn ar an ngnó tábhachtach dian a bhí le déanamh againn. Léigh sé amach na cúisimh agus d'fhéachamar trasna an tseomra ar an gcúisí. Cuireadh Garda faoi mhionn mar choimeádaí an ghiúiré agus tugadh in airde staighre muid go seomra an ghiúiré. Ba é an chéad rud a bhí le déanamh againn ná príomhghiúróir a thoghadh as an deichniúr fear agus an bheirt bhan. Chaitheamar thart faoi deich nóiméad ag plé na ceiste, agus ó ba rud é nach raibh aon duine eile sásta an post a ghlacadh, dúirt mé féin go mbeinn i mo phríomhghiúróir.

De réir mar a lean an cás ar aghaidh rinneadh muid a thionlacan trí lá go hÓstaí an Rí le lón a bheith againn. Chaitheamar an tríú lá ag féachaint ar fhíseán a rinneadh ar agallamh a bhí ag na Gardaí leis an gcúisí. Chuir sé sin isteach go mór ar an gcúisí féin agus ar an ngiúiré. Thug lucht an ionchúisimh agus lucht an chosanta a n-aighneachtaí scoir ar an ceathrú lá. Thug an Breitheamh coimriú ar ar tharla agus thosaíomar ag plé na ceiste ag 13.45. Bhí an nóiméad sin a raibh drogall orainn roimhe tagtha faoi dheireadh. Bhí duilleoga na gcúiseamh againn mar aon le cóipeanna de na hagallaimh agus dár cuireadh ar taispeáint mar fhianaise. Scrúdaíomar na hagallaimh go mionn. Chuamar síos chun na cúirte go minic chun soiléiriú a fháil faoi phointí dlí. Nuair a bhí roinnt maith uaireanta caite dúirt an breitheamh go nglacfadh sé le fíorasc móraimh de dheichniúr in aghaidh beirte. Níor chosúil go bhféadfaimis teacht ar a leithéid de bhreith mar in ainneoin dianargóintí a bheith againn bhíomar deighilte fós le ceathrar in aghaidh ochtar. De réir mar a bhí an tráthnóna á chaitheamh

d'fhág daoine na Ceithre Cúirteanna agus tháinig ciúnas ar innealra na dtógálaithe. Thuigeamar go rabhamar i sáinn agus leanamar ar aghaidh ag plé na ceiste. Ba léir gur chuir sé as do chuid de na giúróirí go raibh aithne mhaith ag abhcóidí an dá thaobh ar a chéile agus ábhair grinn acu dá bharr. Bhí cuid de na giúróirí go han-mhaith ag tarraingt anuas ceisteanna agus ag cíoradh rudaí tábhachtacha. De réir mar a bhí sé ag druidim lena hocht a chlog ba chosúil go raibh an vóta

ag athrú go naonúr in aghaidh triúr. Chuir an breitheamh go hóstán muid chun an oíche a chaitheamh ann. Cuireadh ceathrar gardaí faoi mionn chun muid a thionlacan. Nuair a d'fhilleamar ar sheomra an ghiúiré tugadh ár dteileafóin soghluaiste ar ais dúinn chun glaonna riachtanacha a dhéanamh.

Ní raibh a fhios againn cá rabhmar ag dul go dtí gur shroicheamar an t-óstán. Bhí dinnéar againn agus trí dheoch dheamhéine. Bhí dianslándáil curtha i bhfeidhm. Nuair a shiúil mé amach sa charrchlós le bheith amuigh faoin aer bhí Garda le mo chois. Rinne Garda mé a thionlacan an dá uair a chuaigh mé san ardaitheoir go dtí mo sheomra. Nuair a d'fhilleamar ar sheomra an ghiúiré bhí súil againn go bhféadfaimis teacht ar fhíorasc. Thosaíomar ag plé na ceiste arís agus scrúdaíomar nótaí an agallaimh. Bhí gach rud an-chiúin nuair a d'éirigh linn fíorasc de dheichniúr in aghaidh beirte a thabhairt faoi dheireadh. Ní dúradh aon rud faoi ach ba léir go raibh éirí croí orainn agus bhí ciúnas aisteach sa seomra.

Chonaic mé go raibh deora le súile an chúisí nuair a thug mé breith an ghiúiré. Rinne na hAbhcóidí Cosanta comhghairdeas lena gcomhghleacaithe. Ghabh an breitheamh buíochas linn as a chúramaí a phléamar an scéal agus scaoil sé ón bpainéal muid. Bhí obair dheacair déanta againn agus bhí deifir orainn scaradh ó chéile agus glanadh linn ó na Ceithre Cúirteanna.

Comhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta um Riarachán Cúirte - Baile Átha Cliath 2008

Bhí tríú Comhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta um Riarachán Cúirte ar siúl in Ionad na Comhdhála i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le déanaí. Bunaíodh an Cumann i 2005 agus é d'aidhm aige feabhas a chur ar bhainistiú agus riaradh cúirteanna i ngach aon tír agus gairmiúlacht agus caidreamh comhghleacaithe a chothú ina measc siúd a bhíonn ag freastal ar chórais cúirteanna ar fud an domhain.

Bhí thart faoi 220 ionadaithe i láthair ó bhreis agus 40 tír, ina measc Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, Meicsiceo, an Astráil, Abú Daibí, an Asarbaiseáin, an Úcráin agus an Mholdóiv. Bhí ionadaithe i láthair ó Sheirbhísí Cúirteanna na hÉireann thuaidh agus theas. Chuir an Príomh-Bhreitheamh John L. Murray fáilte roimh na hionadaithe i bhfáiltiú a tionóladh i Halla Cruinn Na gCeithre Cúirteanna agus d'oscail sé an chomhdháil lá arna mhárach. Ghuigh sé gach rath ar na hionadaithe ina gcuid breithnithe agus dúirt go raibh sé ag súil go mór le páirt a ghlacadh sa chomhdháil.

Bhí roinnt seisiún painéal agus sraith ceardlanna ann le linn na comhdhála. I measc na n-ábhar a bhí le plé ag na seisiúin phainéil bhí "Technological Innovations in the Courts" (agus an tOnórach Richard Magnus, Príomh-Bhreitheamh Íoschúirteanna Shingeapór ag glacadh páirte ann trí mheán físchomhdhála), agus "The Role of Effective Court Administration in Achieving

Justice." Labhair an Príomh-Bhreitheamh agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, P.J. Fitzpatrick faoin dara ceann acu. Labhair Breithiúna sinsearacha ón Afganastáin, ón Liobáin agus ón Phalaistín agus Ard-Aighne Ruanda faoin ábhar deireanach, "Achieving Justice in States Torn by Civil Turmoil."

Noel A Doherty.

An Príomh-Bhreitheamh John L. Murray leis na toscairí ag comhdháil IACA.

Rinne Breitheamh Kari Tartainen na Fionlainne cur i láthair faoi Nuálaíochtaí i gcúrsaí For-rochtana na Seirbhíse Poiblí.

Pléadh na téamaí "Utilisation of Weighted Caseload Analysis Techniques," "Case Assignment Systems." "Conversion Planning from Paper to Electronic Filing," agus "Addressing Sources of Delay in Case Processing" sna ceardlanna.

Ghabh Uachtarán an Chumainn Markus Zimmer buíochas leis an bPríomh-Bhreitheamh agus leis an tSeirbhís Chúirteanna as an gcomhdháil a éascú. Chuir na hionadaithe in iúl san aiseolas a thugadar gurbh í seo an chomhdháil ba rathúla a bhí acu go dtí seo agus gur thug sí spreagadh nua do ghníomhaíochtaí an chumainn agus go gcuirfeadh sí lena bhfuil ar siúl acu ar fud an domhain.

Féach ar an láithreán gréasáin ag www.iaca.ws chun breis eolais a fháil faoin gCumann Idirnáisiúnta um Riarachán Cúirte.

Tugtar fianaise i mBaile Átha Cliath i gcaingean sibhialta faoi bhuamáil na hÓmaí

Lá stairiúil a bhí ann nuair a haistríodh caingean ó Ard-Chúirt Bhéal Feirste go dtí na Ceithre Cúirteanna le cabhrú le baill an Gharda Síochána fianaise a thabhairt. Caingean shibhialta í seo atá a tionscnamh ag gaolta íospartach na buamála san Ómaigh. Ba é seo an chéad uair riamh ar éist cúirt de chuid Thuaisceart Éireann le fianaise sa Phoblacht.

Tá caingean tionscnaithe ag gaolta íospartach na buamála san Ómaigh in aghaidh Seamus McKenna, John Michael McKevitt, Liam Campbell, Michael Colm Murphy agus Seamus Daly. Sé theaghlach atá i mbun na caingne in aghaidh na bhfear a chreideann siad atá freagrach as ionsaí an fíorIRA inar maraíodh 29 duine, lena n-áirítear bean a bhí ag iompar cúpla. Níor ciontaíodh aon duine riamh as a ndúnmharuithe.

Thug 29 nGarda fianaise idir 12 agus 15 Bealtaine agus thug 21 Gharda eile fianaise idir 27 agus 29 Bealtaine. D'éist Breitheamh na trialach an Ridire Declan Morgan - atá i gceannas an cháis i gCúirt na Corónach i mBéal Feirste - le haighneachtaí ó abhcóidí na gcosantóirí i mBaile Átha Cliath. Ba é an Breitheamh Conal Gibbons as an gCúirt Dúiche a bhí i gceannas ar thógáil na fianaise.

Oibríonn an tSeirbhís Chúirteanna agus Seirbhís Chúirte Thuaisceart Éireann i gcomhar le chéile chun na héisteachtaí a éascú.

Justice Declan Morgan (NI).

Gártha áthais nuair a bhuann Tionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna dámhachtain

Bhí liúnna arda agus gártha áthais le cloisteáil le déanaí nuair a shiúil Stiúrthóir Airgeadais na Seirbhíse Cúirteanna Sean Quigley amach chun Dámhachtain Sármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí a ghlacadh de thoradh Thionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna ón Taoiseach Bertie Ahern T.D. i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Bhí an t-aitheantas seo tuillte ag an bhfoireann i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre de bharr na hoibre móire go léir a rinne siad ag cur an tionscadail i bhfeidhm. Rinne siad athnuachan iomlán ar mhodhanna cuntasaíochta na gcúirteanna agus chuir siad córais TF ar fáil le haghaidh idirbhearta airgeadais uile na gcúirteanna. Dá thoradh sin is féidir íocaíochtaí Dlí Teaghlaigh a dhéanamh trí aistriú leictreonach agus is féidir córas na nÉileamh Beag ar Líne a úsáid chun íocaíochtaí leictreonacha a phróiseáil, agus is féidir fíneálacha a íoc ar líne anois ar bhonn treoirthionscadail agus tá sé sin le leathnú ar fud na tíre amach anseo.

Eagraíonn Roinn an Taoisigh na Gradaim um Shármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí gach dara bliain chun aitheantas a thabhairt do thionscadail agus do thionscnaimh a chuireann feabhas ar cháilíocht agus ar éifeacht seirbhísí agus riarachán na hÉireann. Tuigtear gur céim lárnach iad maidir le cur chun cinn príomhaidhm an Tionscadail Seirbhís Ardchaighdeáin Custaiméara, agus is é sin, seirbhís de leibhéal ardchaighdeáin bhuan a chur ar fáil do chustaiméirí sa tSeirbhís Phoiblí.

Ba bhord roghnaithe neamhspleách a roghnaigh an 20 tionscadal a buaigh agus ba í an tOllamh Mary Daly ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath a bhí ina cathaoirleach air agus na daoine seo a leanas ag tacú léi:

- Catherine Byrne Uasal, ICTU
- An tUasal Jim Farrell, Rúnaí Cúnta, an Roinn Airgeadais
- An tUasal Liam Dunbar, Iar-Phríomhfheidhmeannach Ospidéal San Shéim
- An tUasal John Fitzgerald, Cathaoirleach An Post
- An Dr. Peter Humphreys, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Taighde sa bhForas Riaracháin
- An tUasal Philip Kelly, Rúnaí Cúnta i Roinn an Taoisigh
- Berenice O'Neill Uasal, Iar-Choimisinéir um Iarratais Dídeanaithe

Seo é an dara huair a bronnadh Gradam Sármhaitheas sa tSeirbhís Phoiblí ar an tSeirbhís Chúirteanna. Bhí an bua ag Tionscadal na Cúirte Tráchtála sa bhliain 2006.

Foireann Cuntasaíochta na gCúirteanna leis an Iar-Thaoiseach Bertie Ahern TD.

Sean Quigley An Stiúrthóir Airgeadais agus Shay Keary ó Fhoireann Cuntasaíochta na gCúirteanna ag na Dámhachtainí Sármhaitheasa

Faigh amach faoi do Shinsear

Tá Ginealas ar cheann den deich gcaitheamh aimsire is coitianta ar domhan. Tá bunriail amháin ann do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar a c(h)raobh ghinealaigh a ríomh - tosaigh lena bhfuil ar eolas agat. Tá leideanna úsáideacha ag Caroline McCall ó Oifig Phrobháide na hArd-Chúirte faoin chaoi le tosú.

Is í an obair bhaile an chéad chéim de ghnáth chun géag ghinealaigh a chur le chéile. Cuir ceist ar do thuismitheoirí nó ar do ghaolta aosta faoi na cuimhní atá acu ó laethanta a n-óige. Cá raibh siad ina gcónaí? Cé mhéid acu a bhí sa teaghlach? Cérbh iad na slite beatha a bhí acu? Cuir ceisteanna oscailte orthu agus lig dóibh a bheith ag caint. Tabhair téipthaifeadán nó taifeadán digiteach leat. Ná déan dearmad féachaint ar albam grianghraf an teaghlaigh.

Bí macánta

Bíonn cnámharlach nó dhó curtha i bhfolach ag gach teaghlach agus is minic gurb é an coilíneach an duine is spéisiúla díobh ar fad. Is le cúrsaí an chogaidh chathartha, leanaí tréigthe nó fiú ballraíocht i gConstáblacht Ríoga na hÉireann a bhaineann formhór na scannal teaghlaigh in Éirinn. Breathnaítear ar rudaí mar sin mar seanstair anois ach d'fhéadfadh siad a bheith ina gcúis péine nó ina n-ábhar náire ag seanghaolta agus ní mór a bheith an-tuisceanach faoi.
Faigh roinnt leabhar nótaí le clúdaigh crua orthu. Breac síos nótaí faoi na cartlanna a dtugann tú cuairt orthu agus cad a fuair tú iontu - fiú má bhíonn drochlá agat agus nach dtagann tú ar aon rud úsáideach. Tá rialacha coiscthe peann i bhfeidhm i mbeagnach gach cartlann ach ceadaíonn an formhór acu ríomhairí glúine. Déan deimhin de do thorthaí a bhreacadh síos gach lá - nó ar a laghad gach seachtain, nuair atá cuimhne soiléir agat fós orthu. Bain feidhm as an idirlíon mar chomhartha bóthair ach ná bíodh sé ina Bhíobla agat. Níor mhaith leat do chuid taighde a bhunú ar dhroch-thaighde duine eile.

Téigh go Foinsí Bunaidh

Tá réimse iontach d'fhaisnéis ghinealach sa Chartlann Náisiúnta agus sa Leabharlann Náisiúnta agus tugann siad comhairle faoi chúrsaí ginealacha saor in aisce. Tá bailiúchán iontach de chláir pharóiste Caitliceacha sa Leabharlann Náisiúnta agus cuireadh tús le cuid acu san 18ú Céad. Tá daonáirimh na mblianta 1901 agus 1911 sa Chartlann Náisiúnta mar aon le Taifid Talún, Uachtanna, Taifid Scoileanna, Taifid Príosún agus Bannaí Cheadúnas Pósta. Is minic a bhíonn bailiúcháin ábhar a bhaineann le ceantar faoi leith agus le sean-nuachtáin agus eolairí sráideanna sna Leabharlanna Contae. Tá na Taifid Pharóiste ó bhreis agus 800 paróiste de chuid Eaglais na hÉireann san Representative Church Body Library (RCBL) ag Páirc Braemor - cuardaigh a láithreán gréasáin chun tuilleadh mionsonraí a fháil.
Má tá bealach uait chun torthaí do chuardaigh a thaifead agus a eagrú cuireann www.familysearch.org agus www.irishancestries.com treoracha agus foirmeacha ar fáil saor in aisce. Má tá tú thar a bheith tógtha le cúrsaí ginealais bain triail as cuid de na rannearraí saor in aisce nó na triailphacáistí atá ar fáil sna hirisí ginealach.
Caithfidh tú a bheith ullamh cártaí léitheora a fháil do na Cartlanna is na Leabharlanna éagsúla agus ná déan dearmad ar do leabharlann áitiúil. Tá leabhair ghinealais daor agus níl cuid acu le fáil ach i roinn na leabhar tagartha. Déan iarracht leas a bhaint as iasachtaí idir leabharlanna. Leabharlann cóipchirt is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ba chóir go bhféadfadh sí teacht ar gach leabhar a foilsíodh in Éirinn agus sa RA.

Tá réimse iontach d'fhaisnéis ghinealach sa Chartlann Náisiúnta agus sa Leabharlann Náisiúnta agus tugann siad seirbhísí ginealais ar fáil saor in aisce.

Taifid Daonáireamh

Tá Daonáireamh na bliana 1911 a rinneadh i mBaile Átha Cliath le fáil saor ar líne ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta. Is féidir seiceáil ar an láithreán cathain a chuirfear torthaí an daonáirimh ar fáil i gcás na gcontaetha eile. Is féidir cóipeanna micreascannán de dhaonáirimh na mblianta 1901 agus 1911 a fháil ag an gCartlann Náisiúnta i Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath. Ná déan dearmad ar thorthaí sráide na n-áiritheoirí agus tú ag seiceáil torthaí na líonta éagsúla tí. Tugann siad sin faisnéis faoin gcineál tithíochta a bhí ann, líon na seomraí a raibh cónaí ag teaghlach iontu agus an raibh an t-áras teaghlaigh á roinnt acu le teaghlach eile. Ní mór cuimhneamh gur minic a bhíonn aoiseanna na ndaoine mícheart. Má tá tú ag iarraidh dátaí pósta agus breitheanna a fháil chun taighde a dhéanamh orthu ar

cut out and keep


decease - - Imprimis - I give devise and bequeath unto my
Beloved Sister Olivia Jackson, the wife of Thomas Jackson
of the Parish of St Mary in the island aforesaid - Planter,
One negro Women Slave named Princess to be possessed
by her my said Sister during and for her natural life

Cuid d'uacht Edward Vernon arna dhátú 1766

ball déan deimhin de chuardach a dhéanamh dhá bhliain nó trí os cionn agus faoi bhun na haoise a thugtar ar fhoirm an daonáirimh.
Scriosadh cáipéisí daonáireamh na mblianta 1821, 1831, 1841 agus 1851 i rith an Chogaidh Chathartha nuair a loisceadh Oifig na dTaifead Poiblí. Bhí taifid daonáireamh na mblianta 1861, 1871, 1881 agus 1891 scriosta roimhe sin ar ordú an Rialtais. Tá roinnt blúirí fánacha fágtha, áfach, agus baineann an chuid is mó díobh le contaetha an Tuaiscirt. 'Na Leathanaigh Ghlasa' a thugtar ar bhlúirí eile daonáireamh atá fós ann agus baineann siad le tabhairt isteach an Phinsean Seanaoise i 1906.

Oifig an Phríomh-Chláraitheora - Seomra Cuardaigh

Foinse ghinealach thábhachtach eile iad Cláir na mBreitheanna, Póstaí agus Básanna in Oifig an Phríomh-Chláraitheora. Tá an seomra cuardaigh san Irish Life Mall i Sráid na Mainistreach, Baile Átha Cliath. Cuireadh tús le gach breith, pósadh agus bás a chlárú go reachtúil in 1864.
Ba chóir go mbeadh sé furasta go leor cuardach a dhéanamh má tá sloinne neamhghnách agat. Feicfidh tú go bhfuil iontrálacha éagsúla ann i gcás sloinnte mar Murphy nó McCarthy. Cleas amháin is ea tosú le duine den teaghlach a bhfuil an t-ainm baiste is neamhchoitianta air nó uirthi. Má fhaigheann tú amach go bhfuil an teastas seo ceart beidh an dúiche chláraithe aimsithe agat agus ba chóir go mbeadh sé níos fusa teacht ar an gcuid eile den teaghlach.
Bíonn sé deacair uaireanta ainmneacha na mbailte fearann nó na sráidbhailte atá taifeadta ar na teastais a léamh. Tá áis saor in aisce chun 'ainmneacha áite' a chuardach ar an láithreán gréasáin www.irishancestries.com le cabhrú leat na logainmneacha doiléire sin a aithint.

Is dócha gurb é an teastas pósta an ceann is úsáidí ó thaobh taighde ginealach de toisc an méid faisnéise a bhíonn air agus an nasc díreach atá ann leis an nglún a chuaigh roimhe. Bí ag faire amach le haghaidh na bhfinnéithe mar d'fhéadfadh sé gur dearthháireacha, deirfiúracha nó fiú tuismitheoirí na brídeoige nó a fear céile iad. Má theipeann ort teacht ar an teastas faoi leagan amháin den sloinne bain triail as leaganacha litrithe eile. Ar cuireadh Mc nó O leis an sloinne nó ar baineadh de iad nó an ndearnadh an clárú déanach?

Luacháil Uí Ghríofa

Nuair atá taifid uile Oifig an Phríomh-Chláraitheora cuardaithe agat mar aon le Taifid Daonáireamh na mblianta 1901 agus 1911 féach ar fhoinsí eile a d'fheadfá a úsáid ina n-áit. Is í Luacháil Uí Ghríofa nó An Príomh-Luacháil Talún an ceann acu is fusa teacht air. Tá sé ar fáil ar micreascannán sa Chartlann Náisiúnta agus sa Leabharlann Náisiúnta. Tá sé le fáil ar líne ag www.irishorigins.com. ach táille a íoc. Rinneadh an suirbhé seo mar chuid de leasú ar fómhas áitiúil in Éirinn idir 1848 agus 1864 agus tá liosta ann de ach úinéir talún agus sealbhóir tí in Éirinn.

Leabhair Cheaproinnt na nDeachúna

Is éard a bhíodh sna deachúna ná cáin a bhí le híoc ag sealbhóirí talún chun Eaglais Bhunaithe na hÉireann a chothú. Thug daoine gráin a gcroí do na cánacha sin agus tuigeadh dóibh go mba mhór an éagóir iad. Murar féidir eolas a fháil sna Daonáirimh nó i bhfoinsí eile is iad Leabhair na nDeachúna an t-aon taifead atá ar fáil faoi theaghlaigh bhochta go luath sa Naoú Céad Déag. Tá cóipeanna micreascannán de Leabhair na nDeachúna le fáil sa Chartlann Náisiúnta agus sa Leabharlann Náisiúnta.

Cláir na bParóistí

Téann an formhór mór de Chláir na bParóistí Caitliceacha a bhfuil fáil orthu fós siar chomh fada le chéad leath an Naoú Céad Déag. Téann cuid de na taifid sna cathracha níos mó siar chomh fada le deireadh an tSeachtú nó tús an Ochtú héad Déag ach is eisceachtaí iad sin. Sin é an fáth a bhfuil an t-ádh dearg ar dhaoine má tá siad in ann a ngéaga ginealaigh a leanúint siar níos faide ná an bhliain 1800. Tá cóipeanna micreascannán sa Leabharlann Náisiúnta de fhormhór na gClár Paróiste atá ar fáil fos.

Uachtanna agus Cáipéisí Tiomnacha

Ní dhéanadh ach duine as dáréag uacht roimh 1900. Dhéantaí uachtanna a riaradh trí Chúirteanna Eaglasta Eaglais Bhunaithe na hÉireann go dtí 1858. Bunaíodh an Phríomh-Chlárlann Phrobháide i ndiaidh 1858 agus bunaíodh Clárlanna Dúiche ar fud na tíre. Is féidir féachaint ar Fhéilirí bliantúla na nUachtanna seo ar seilfeanna oscailte na Cartlainne Náisiúnta.
Cad a dhéanfaidh tú nuair a bhíonn an obair go léir déanta agus na caoirigh faighte agat a bhí imithe ar strae? Roinn le daoine eile é. Is féidir toradh do chuid taighde a cheangal i gclúdach crua lena thabhairt do na cairde is ansa leat ar chostas thart faoi €30. Mar mhalairt air sin d'fhéadfá é a chóipeáil ar CD agus é a sheoladh le do chartaí Nollag - b'fhearr go mór é mar bhronntanas ná péire stocaí!

Guím seilg sona an eolais oraibh go léir – Feicfidh mé sna Cartlanna sibh.


Item - I do hereby authorize empower order and direct
my said Executor hereinafter named to Manumise and for
ever set free my Mulatto woman named Nancy as soon as
Conveniently maybe after my decease

Cuid d'uacht Edward Vernon arna dhátú 1766

cut out and keep

Thuas: Ciara Doyle agus thuas ar dheis: na buaiteoirí Ciara Doyle agus Jennifer Murphy.

AOIBH GHÁIRE
ar Bhuaiteoirí na dTrialacha Bréige

D'fhág daltaí Scoil Naomh Leon, Ceatharlach, na Ceithre Cúirteanna le déanaí agus iad ina ndlíthithe sona, ina mbuaiteoirí agus ina seaimpíní agus gradam scoil na bliana tuillte acu. Thug an scoil an chraobh léi i gComórtas Náisiúnta na dTrialacha Bréige. Tá sé seo ar cheann de na comórtais is mó éileamh sa tír ag daltaí idirbhliana agus tháinig 500 duine óg go lárionad domhain an dlí le páirt a ghlacadh ann.

Sheol an tSeirbhís Chúirteanna curaclam dlí na scoileanna mar aon le pacáiste acmhainní agus DVD (Breathnaímis ar an Dlí) ar a raibh buaicphointí trialacha bréige na bliana roimhe sin mar áis múinteoireachta agus lean siad ar aghaidh arís i mbliana ag tacú leis an gcomórtas seo. Bhí níos mó i gceist an uair seo agus níos mó á thabhairt agus cuireadh beagnach foirgnimh uile Na Ceithre Cúirteanna ar fáil do na himeachtaí.

Ba é Public Access to Law a d'eagraigh an naoú comórtas náisiúnta seo agus ba iad an Breitheamh Paul Carney agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an tUasal Eamonn Ryan T.D. a sheol é. An tSeirbhís Chúirteanna, Comhairle an Bharra, Óstaí an Rí agus na Coláistí Neamhspleácha a rinne comh-urraíocht ar an ócáid agus ghlac na céadta daoine óga páirt in a lán de na himeachtaí mar a bheidís faoi dhraíocht.

Ní amháin gur ghlac siad páirt mar lucht an ionchúisimh agus mar fhoirne cosanta, agus mar fhinnéithe, foireann na cúirte, Gardaí agus giúróirí ach bhí daltaí ag glacadh páirte mar thuairisceoirí teilifíse agus nuachtán. Chuir Gerry Curran ó Oifig Caidreamh na Meán de chuid na Seirbhíse Cúirteanna cóitseáil ar fáil do na Tuairisceoirí Teilifíse agus rinne moltóireacht orthu. Thug Eagarthóir Cúrsaí Dlí an Irish Independent dianchúrsa tapa dóibh i dtuairisciú cúirte agus bhí sí ina mholtóir ar chomórtas na dtuairisceoirí nuachtán. Ghlac daltaí eile páirt i gcomórtais le haghaidh fóta-iriseoirí agus sceitseálaithe cúirte agus chuireadar amharcthaifead ar fáil faoi na cásanna cúirte a bhíodar ag plé leo.

Tríd is tríd is féidir a rá go mba dhá lá lán d'imeachtaí a bhí ann agus go bhfuil tuiscint níos fearr ag na céadta daoine óga anois ar na rudaí a tharlaíonn i gcúirteanna na tíre. Cá bhfios nach bhfuil siad ag ceapadh "D'fhéadfainn a bheith ag obair ansin lá éigin" nó b'fhéidir nach bhfuil...

Sa ghrianghraf thuas: Daltaí a ghlac páirt i gComórtas na dTrialacha Bréige 2008.

FOILSEACHÁIN NUA LE CABHRÚ LE dlíthithe na hArd-Chúirte

Tugann foilseacháin deireanacha na Seirbhíse Cúirteanna léargas úsáideach ar chuid de réimsí na hArd-Chúirte nach bhfuil mórán ar eolas ag daoine fúthu.

Ag míniú 'agraí morgáiste'



Cuirfidh idir chleachtóirí agus dlíthithe araon spéis sa bhileog faoi agraí morgáiste. Tugann sí le fios na himpleachtaí atá le dea-ordú muirir agus tugann cuntas faoi na céimeanna a bhaineann le seoladh an chineál seo dlíthíochta trí Oifig Scrúdaitheora na hArd-Chúirte.

"B'ionann líon na n-agraí morgáiste a cuireadh faoi bhráid Oifig an Scrúdaitheora le linn chéad leath na bliana 2008 agus iomlán na gcásanna le linn 2007, agus ar an ábhar sin tá an bhileog seo tráthúil," a dúirt Scrúdaitheoir na hArd-Chúirte Jim Finn. "Bíodh is go bhfuil Líon na n-agraí morgáiste san Ard-Chúirt measartha íseal (idir 10 agus 20 cás nua in aghaidh na bliana) bíonn tionchar an-mhór ag na himeachtaí ar na daoine a bhíonn páirteach iontu."

Is éard atá in agra morgáiste ná cineál imeachta chun fiach atá dlite do shealbhóir an urrúis ar mhaoin a aisghabháil - trí díol na maoine a bhrú ar aghaidh (de bhun morgáiste bhreithiúnais nó morgáiste chothromais de ghnáth).

Léiríonn Tuarascáil Chuntasóra na gCúirteanna méadú ar infheistíochtaí.

Bhí líon na n-infheistíochtaí a bhí á mbainistiú ag Oifig Chuntasóra na hArd-Chúirte os cionn €1 billiún don chéad uair riamh de réir na Tuarascála agus na Ráiteas Airgeadais is déanaí ón Oifig.

Thug Uachtarán na hArd-Chúirte agus Cathaoirleach an Choiste Infheistíochta, an Breitheamh Richard Johnson, le fios ina réamhfhocal nár éirigh chomh maith leis na hinfheistíochtaí i mbliana i gcomparáid leis an mbliain anuraidh. "Ba shásúil í an fheidhmíocht infheistíochta fhoriomlán, áfach, i bhfianaise na suaiteachta sna margaí airgeadais domhanda, go háirithe sa dara leath den bhliain 2007" a dúirt sé.

Rinneadh dul chun cinn fíormhaith i rith na bliana chun aistriú cistí mionaoisigh a bhrú ar aghaidh ó na Cúirteanna Cuarda agus Dúiche, atá mar chuid den chlár nuachóirithe foriomlán maidir le bainistiú agus infheistiú na gcistí cúirte. Críochnófar an obair seo i mbliana.

Is féidir cóipeanna na tuarascála a fháil ó: Oifig an Chuntasóra, An tSeirbhís Chúirteanna, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teil: (01) 888 6211/6214.
Tá an tuarascáil le fáil ar líne ag www.courts.ie

Léargas ar chúrsaí féimheachta

Bhí páirt ag dhá Oifig de chuid na hArd-Chúirte sa phróiseas féimheachta le déanaí agus míníonn siad i roinnt foilseachán a heisíodh le déanaí an pháirt a bhí acu sa chuid seo den dlí a gcloiseann daoine faoi go minic ach nach bhfuil mórán ar eolas faoi. Tionscnaítear imeachtaí féimheachta in Oifig Scrúdaitheora na hArd-Chúirte. Míníonn bileog nua ról na hOifige atá ina hoifig tacaíochta cúirte don chúirt fhéimheachta. "Freagraíonn ár mbileog roinnt ceisteanna coitianta a chuirtear orainn faoi fhéimheacht agus bainfidh idir chleachtóirí dlí agus an pobal i gcoitinne leas as," a dúirt Jim Finn.

Téann Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht i mbun oibre nuair a fhógraíonn an chúirt go bhfuil duine ina f(h)éimheach. "Tugann ár leabhrán faisnéis ghinearálta faoin réimse seo agus freagraíonn sé na ceisteanna a chuireann daoine a bhímid ag plé leo go rialta orainn," arsa an Leas-Sannaí Oifigiúil Geraldine Hurley.

"Próiseas casta is ea Féimheacht i gcás gach duine a mbaineann sí leo agus ní gá a rá go bhfuil sé amhlaidh do na féimhigh féin. Tá dualgais ar fhéimheacha faoin reachtaíocht féimheachta agus tá súil againn go bhfreagróidh an leabhrán seo cuid dá gceisteanna. Tá ábhar ann faoi réimsí mar áras teaghlaigh agus cúrsaí gnó an féimhigh. Dream eile a bhfuil spéis acu i riaradh cúrsaí féimheachta is ea na creidiúnaithe, is cuma más institiúid mhór airgeadais iad nó creidiúnaithe beaga tráchtála."

Is féidir cóipeanna d'fhoilseacháin Oifig an Scrúdaitheora a fháil ó: Oifig an Scrúdaitheora, An Dara hUrlár, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teil: (01) 888 6222/6223/ 6269/6219. Ríomhphost: examinersmail @courts.ie

Is féidir cóipeanna d'fhoilseacháin Oifig an tSannaí Oifigiúil a fháil ó:

Oifig an tSannaí Oifigiúil, An Dara hUrlár, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teil: (01) 888 6166. Ríomhphost: officialassigneeinbankruptcy @courts.ie

Tá na foilseacháin le fáil freisin ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, www.courts.ie

Ar fud an tSaoil:
Na céadta bliain de chásanna san Old Bailey ar líne anois

Foilsíodh imeachtaí san Old Bailey ar líne agus tugann siad sonraí na dtrialacha sa tréimhse ó 1674 go 1913. Sular tháinig fás ar na nuachtáin ba iad na Proceedings mar a thugtaí orthu na cuntais ba mhó a foilsíodh go rialta faoi ghnóthaí na príomh-Chúirte Coiriúla i Londain.

Acmhainn ollmhór ar líne é seo a bhfuil lear ollmhór faisnéise ann faoi thrialacha agus is féidir iad a chuardach trí chritéir mar cion, pléadáil, fíorasc a úsáid nó trí leas a bhaint as áiteanna, ainmneacha, aois nó inscne freisin. Ba iad goid ainmhithe, robáil ar an mbóthar poiblí agus dúnmharú na coireanna ba mhinice a triaileadh. Faighimid léargas fíorspéisiúil ar an gcaoi a dhéanadh an chúirt a gnóthaí a riaradh.

Go dtí an bliain 1858 choimeádtaí na giúiréithe gan tine, bia ná deoch go dtí go dtiocfaidís ar chomhaontú faoi fíorasc. Ní haon ionadh nár thóg sé mórán ama orthu cinneadh a dhéanamh. Fiú ag an am sin, d'fhéadfadh an breitheamh ceist a chur orthu cén fáth ar roghnaigh siad fíorasc amháin seachas ceann eile nó d'fheadfadh sé brú a chur orthu athmhachnamh a dhéanamh ar an scéal.

Bhí réimse leathan pionós a d'fhéadfaí a ghearradh agus bhí breith an bháis an-choitianta. Bhí sé chomh coitianta sin go dtugtaí "maiden session" ar thriail nár daoradh duine ar bith chun báis lena linn.

I gcás cosantóirí a dhiúltaigh pléadáil ciontach nó neamhchiontach agus mura raibh siad balbh "de lámh Dé" d'fhéadfaí céasadh 'peine forte et dure' a thabhairt dóibh. Chuirtí iallach orthu luí síos agus leagtaí meáchain orthu go dtí go dtiocfadh athrú aigne orthu nó go bhfaighidís bás. Bíodh is gurbh annamh a tharla sé léiríonn imeachtaí trialach William Spigget agus Thomas Phillips, a raibh goid fhoréigneach agus robáil ar an mbóthar poiblí curtha ina leith, an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann dá ndiúltódh duine pléadáil.

"Go ndéantar an Príosúnach a chur ón bPríosún ónar tháinig sé agus go gcuirtear i dteach suarach é gan léas ar bith ann, agus go síntear ar an Talamh lom é, gan sop nó tuí nó aon chlúdach agus gan aon bhall éadaigh air ach amháin rud éigin a chlúdóidh a Bhaill Ghiniúna, agus luíodh sé ar a Dhroim agus go gclúdaítear a cheann, agus bíodh sé Cosnocht, agus go 'dtarraingítear ceann dá Lámha le Corda go taobh amháin an tí agus go dtarraingítear an Lámh eile go taobh eile an tí, agus go ndéantar an rud céanna lena Chosa, agus go gcuirtear an oiread sin iarainn agus clocha ar a Chorp agus is féidir leis a sheasamh..."

D'fhéadfadh mná a mhaígh go raibh siad ag iompar clainne nuair a gearradh pianbhreith báis orthu "a mbolg a phléadáil." Dhéanfadh giúiré (a roghnaítí ó mhná aosta a bhí i láthair sa chúirt) na mná seo a scrúdú agus dá bhféadfaidís corraí a aireachtáil a thabharfadh le fios go raibh beatha ina broinn chuirfí an phianbhreith ar athlá go mbéarfaí an leanbh.

Foinse ollmhór í an chartlann seo faoi gnáthshaol na ndaoine sa Bhreatain agus gach a mbíodh ar siúl acu. D'fhéadfadh sí a bheith ina hacmhainn ag Éireannaigh ar mhian leo fáil amach faoina ngaolta ós rud é go ndeachaigh na sluaite ar imirce ón tír seo chun na Breataine. B'fhéidir nach mbeidh siad ró-shona lena bhfaigheann siad amach.

The Proceedings of the Old Bailey
www.oldbaileyonline.org.uk/index.jsp

Scéalta Báis

Anthony McCormack

Bhí an tUasal Anthony McCormack, a cailleadh go déanach anuraidh ina Chláraitheoir Contae in Oifig na Cúirte Cuarda i Ros Comáin ó 1967 go 1997. Bhí cleachtas aige mar aturnae ina bhaile dúchais i mBéal na mBuillí i gContae Ros Comáin ó 1955 go 1967. Bhí ardmheas ag a chomhghleacaithe agus ag an bhfoireann in oifig na Cúirte Cuarda ar Anthony i gcónaí. Bhí eolas cruinn aige ar an dlí coiriúil agus ba mhór lear oibre a rinne sé sa Chúirt Chuarda i Ros Comáin i rith na 30 bliain a chaith sé mar Chláraitheoir an Chontae.

Bhí sé ina cheann comhairimh ar a lán toghchán agus reifreann i gcaitheamh na mblianta.

Bhí an-mheas ar Anthony. Thaitin cúrsaí spóirt leis. Bhí sé ina ghalfaire díograiseach agus ina iar-uachtarán ar Chlub Gailf Ros Comáin. Imreoir beiriste den scoth a bhí ann freisin. Bhí slua mór aturnaetha agus lucht an bharra i láthair nuair a tugadh chun an tséipéil é agus nuair a adhlacadh é. Bhí baill an Gharda Síochána i láthair freisin mar aon le daoine a bhíodh ag obair sa Chúirt Chuarda agus sa Chúirt Dúiche nó atá ag obair iontu anois. Bhí turais fada ag a lán acu le bheith lena theaghlach agus lena ghaolta.

Gabhaimid comhbhrón lena bhean Olivia, lena chlann mhac Patrick agus Alan agus lena chlann iníon Edel, Sinéad agus Olivia agus le clann a chlainne.

Suaimhneas na bhflaitheas dá anam.

Ceapacháin

Breitheamh nua na Cúirte Dúiche

Ceapadh an tUasal Kevin P. Kilrane ina Bhreitheamh ar an gCúirt Dúiche. Glacadh leis an mBreitheamh Kilrane mar aturnae i 1976 agus bhí cleachtas aige leis an ngnólacht Kevin P. Kilrane & Cuideachta i Maothail, Co. Liatroma go dtí gur ceapadh é. Sannfar é chuig Cúirt Dúiche Uimhir 1 (Co. Dhún na nGall).

Breitheamh nua na hArd-Chúirte

Ceapadh an tAbhcóide Sinsearach, an tUasal Daniel O'Keeffe, ina Bhreitheamh Ard-Chúirte.

Bhíodh an Breitheamh O'Keeffe, BCL, LL.B., agus A.C.A. (1974) ag cleachtadh ar chuaird Bhaile Átha Cliath agus ar chuaird an Iardheiscirt sular ceapadh é agus ba iad an Dlí Cuideachta agus an Dlí Cánach an réimse speisialtóireachta a bhí aige. Tá taithí forleathan aige ar réimsí an Dlí Riaracháin, Athbhreithniú Breithiúnach, Dlí Tráchtála/Seansaireachta agus ar chleachtas ginearálta. Cháiligh sé mar abhcóide i 1964 agus rinneadh Abhcóide Sinsearach de i 1985.

An Breitheamh John Brophy ag dul ar scor

Is iomaí moladh a tugadh don Bhreitheamh John Brophy nuair a shuigh sé don uair dheireanach i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Troim le déanaí. Thacaigh Uachtarán na Cúirte Dúiche, an Breitheamh Miriam Malone leis an mBreitheamh Thomas Fitzpatrick (a ghlacfaidh áit an Bhreithimh Brophy i gContae na Mí), agus leis an mBreitheamh John Coughlan, an Breitheamh Gillian Hussey (a chuaigh ar scoir tamall ó shin) agus a lán lán daoine eile nuair a thugadar gairmréim fhada an Bhreithimh Brophy chun cuimhne agus ba ghníomhréim í a raibh ardmheas uirthi.

Mheabhraigh an tUachtarán Malone dóibh siúd go léir a bhí i láthair go raibh an Breitheamh Brophy ina bhreitheamh ar feadh breis agus 17 mbliana ó chéad ceapadh é chuig an mbinse

i 1990 agus chuig Dúiche na Mí i 1991. Dúirt sí go mba dhuine cneasta cairdiúil uasal é agus gur thug sé breitheanna córa i gcónaí. "Bhí sé cúirtéiseach agus léirigh sé a dhaonnacht dóibh siúd a tháinig os a chomhair," ar sise. Mheabhraigh an Breitheamh Gillian Hussey dó go leanann an saol ar aghaidh tar éis do dhuine dul ar scor agus ghuigh sí gach rath air.

Bí a lán lán daoine ann ar mhian leo an Breitheamh Brophy a mholadh agus léirigh siad an t-ardmheas a bhí air ag na daoine a d'oibrigh ina chúirt nó a bhíodh ag freastal uirthi. Labhair Cláraitheoir Chontae na Mí, Mary O'Malley, Comh-Phríomhchléireach

"Ba mhór an onóir agus an phribhléid dom gur ceapadh i mo bhreitheamh mé," a dúirt an Breitheamh Brophy mar fhreagra orthu agus ghabh sé buíochas leo siúd go léir a chabhraigh leis i gcaitheamh na mblianta.

Chúirt Dúiche Bhaile Átha Troim, Noeleen Halpin agus Stiúrthóir Oibríochtaí na gCúirteanna Cuarda agus Dúiche, Diarmaid Mac Diarmada thar ceann fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna agus dúirt siad go mba dhuine é 'a bhí cúirtéiseach gairmiúil agus ina oibrí dian.' Thug baill an Gharda Síochána, na Seirbhíse Promhaidh, Comhairle an Bharra agus aturnaetha an Bharra agus aturnaetha áitiúla ón taobh sin tíre le fios go mba dhuine é a d'fhéadfadh a bheith dian nó coilgneach uaireanta ach 'gur mhór an pléisiúr a bheith ag obair leis.'

Ceapacháin Foirne

Tá Margaret O'Neill ag gníomhú mar Stiúrthóir Oibríochtaí Cuarda agus Dúiche agus tá Peadar Ward tar éis bogadh go hAonad Gnó Eastát agus Foirgneamh.

Ó Chlé Diarmaid Mac Diarmada leis an bhfoireann ó Oibríochtaí Cuarda agus Dúiche.

Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Brendan Ryan le Máire Bean Mhic Diarmada.

Cumha ar dhaoine agus "an Stiúrthóir Diarmaid" ag fágáil

Bhí trua, greann agus cumha le sonrú nuair a heagraíodh ócáid le ceiliúradh a dhéanamh ar Dhiarmaid Mac Diarmada agus é ag dul ar scor níos túisce sa mhí. Bhí beagnach dhá scór bliain caite aige sna cúirteanna ag obair mar Chléireach na Cúirte Dúiche, Scrúdaitheoir, Príomhscrúdaitheoir, Ceannaire Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath, agus le naoi mbliana anuas mar Stiúrthóir Oibríochtaí na gCúirteanna Cuarda agus Dúiche agus bhí an cuimse taithí agus cairde dá bharr sin aige. Ba léir é sin ó ainmneacha agus aghaidheanna na ndaoine a bhí i láthair don ócáid ó réimse mhór chúirteanna agus ó cheann ceann na tíre.

Thug Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, PJ Fitzpatrick cuntas iomlán ar an gcaidreamh a bhí aige le Diarmaid agus ar an gcaoi a raibh sé ag braith air nuair a bhí an tSeirbhís Chúirteanna á bunú. Rinne sé cur síos ar thréithe na críonnachta, na macántachta, na dílseachta agus an ghrinn a bhí ann agus luaigh sé an ghaois agus an tuiscint phraiticiúil a bhí ag Diarmaid le linn na n-idirbheartaíochtaí a bhí ar siúl nuair a bhí athruithe móra á gcur i gcrích agus nuair a d'fhéadfadh coinbhleacht a bheith ann.

Labhair Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha faoin gcairdeas a bhí aige le Diarmaid. "Níor thaitin béarlagair lucht bainistíochta leis agus bhíodh cur chuige bunaithe ar ghnáthchiall aige ag cruinnithe agus nuair a bhíodh sé ag plé le saincheisteanna," ar seisean. "Ba bhreá an rud é a bheith ina chuideachta. Ba mhór an spórt é agus thug sé grá a chroí don Ghaeilge.

Dúirt Uachtarán Chumann na gCláraitheoirí Contae, Susan Ryan nach gcuireadh Diarmaid isteach ar obair dhaoine. "Bhí stíl an-éifeachtach aige a thaitin linn go léir - ligeadh sé do dhaoine leanúint ar aghaidh ag déanamh a gcuid oibre." Dúirt sí nach raibh sí ag labhairt ar a son féin amháin ach thar ceann na gCláraitheoirí Contae go léir.

Bhí Coimisinéir cúnta an Gharda Síochána, Al McHugh i láthair leis an gCigire Ann Gleannon ó Thobar Bhríde. "Bhí aithne agam ar Dhiarmaid formhór mo shaol oibre," arsa Al. Bhuail sé leis don chéad uair na blianta fada ó shin i gCúirteanna Thobar Bhríde agus bhí gáire ón lucht éisteachta nuair a d'inis sé dóibh go mba "ghairgeach an mac é Diarmaid an tráth sin agus níorbh fhiú tráithnín a iarraidh air do chás a ghlaoch ar dtús - ba rud é sin nach dtarlódh go deo." Nuair a rinneadh Coimisinéir Cúnta de d'éirigh leis aithne cuibheasach maith a chur ar Dhiarmaid. "Ní raibh teorainn lena chuid eolais agus bhí ciallmhar stuama. Is de barr daoine mar Dhiarmaid atá an caidreamh breá ann idir An Garda Síochána agus an tSeirbhís Chúirteanna. Aireoimid uainn é."

Maidir leis an bhfear féin, bhí sé cairdiúil greannmhar flaithiúil, mar is dual dó, lena raibh le rá aige. Thug sé an rabhadh seo dóibh, "tar éis dom na briathra binne deasa sin a chloisteáil is beag nach bhfuil fonn orm m'aigne a athrú - ach ní dhéanfaidh mé é sin agus mar sin tá sibh slán go leor." Dúirt sé go raibh beagnach dhá scór bliain caite aige sna cúirteanna agus go raibh a lán cairde aige dá bharr agus go raibh súil aige go mairfeadh an cairdeas buan. Ghabh sé a bhuíochas le gach duine a d'fhéad sé cuimhneamh orthu - na Baill Foirne i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre (go mór mór in Oibríochtaí na gCúirteanna Cuarda agus Dúiche agus go mór mór Bernie Claffey a choinnigh an long ar snámh nuair a bhí sí ar tí dul go tóin poill!); Margaret O'Neill; Na Breithiúna; an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin; an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach; na Bainisteoirí Réigiúnacha; agus na Cláraitheoirí Contae. Ghabh sé buíochas faoi leith lena bhean Máire as an tacaíocht a thug sí dó i gcaitheamh na mblianta.

D'imigh sé leis ansin le feabhas a chur ar a chumas gailf, labhairt leis an maor scoile ar maidin agus an saol a thógáil go bog! Guímid gach rath ar Dhiarmaid agus ar Mháire agus saol fada sona ar scor acu.

An rud ceart a dhéanamh le cartúis ídithe agus sean-teileafóin phóca

Ar smaoinigh tú riamh faoi cad a d'fhéadfá a dhéanamh leis na tónóirí agus na cartúis ídithe sin, le sean-teileafóin phóca, le pluideanna nó le sóinseáil bheag? Tá roinnt moltaí ag Trevor Sweeney ón Oifig um Éilimh Bheaga sa Chúirt Dúiche i dTeach an Charnáin le deireadh a chur leo agus saol níos fearr a thabhairt do mhadraí.

'Dtá obair iontach ar siúl ag Dogs Trust agus ag Dogs in Distress ar son madraí ar fud na tíre. Ní mharaítear madra folláin riamh agus oibríonn siad de ghrá na n-ainmhithe féin agus ar mhaithe lena leas trí chúram a thabhairt dóibh agus úinéirí a fháil dóibh.

Eagraíocht charthanachta idirnáisiúnta a oibríonn ar mhaithe le leas madraí is ea Dogs Trust. Cuireann siad úinéireacht freagrach chun cinn in Éirinn trí obair oideachasúil sna scoileanna agus tá daoine acu a thógann madraí abhaile leo ó phónaí.

Lena chois sin tá scéim tástáilte ó thaobh acmhainne acu ar fud na tíre chun ainmhithe a neodrú. Lena chois sin tá siad chun ionad úrscothach a thógáil gar don bealach amach chuig Fionnghlas ón M50 a chosnóidh £10 milliún steirling chun úinéirí nua a fháil do mhadraí.

Grúpa deonach is ea Dogs in Distress a bhíonn ag iarraidh úinéirí a fháil do mhadraí i bpónaí. Is i gContaetha Bhaile Átha Cliath agus na Mí is mó a bhíonn siad ag obair. Is i bpónaí a chríochnaíonn breis agus 25,000 madra in Éirinn gach bliain agus cuirtear 15,000 acu siúd chun báis. Cuirtear madraí i dteaghlaigh altrama áit a chuirtear cúram tréidliachta orthu fad a bhíonn an eagraíocht gnóthach ag iarraidh teaghlaigh oiriúnacha a fháil dóibh. Is trína láithreán gréasáin is mó a dhéanann siad é sin. Íoctar na tréidlianna le hairgead a thiomsaítear agus íocann na hoibrithe deonacha as na costais eile, lena n-áirítear costais iompair, bia agus táillí teileafóin.

Is féidir leat cabhrú leis na heagraíochtaí carthanachta seo trí chartúis printéirí, teileafóin phóca, pluideanna nó sóinseáil bheag a thabhairt dóibh. Faigh amach tuilleadh faoin gcaoi a d'fhéadfá urraíocht a dhéanamh ar mhadra trí chuairt a thabhairt ar: www.dogstrust.ie agus www.dogsindistress.org.

Féadfaidh tú dul i dteagmháil leo go díreach nó dul i dteagmháil le Trevor.
Teil: (01) 888 6837.
Ríomhphost: trevorsweeney@courts.ie nó deweeney@hotmail.com

Nuacht Shóisialta

Rath ar *"Tráthnóna Samhraidh eile i Margadh na Feirme"*

Bhí deis bhreá ag breithiúna agus baill na Seirbhíse Cúirteanna atá imithe ar scor bualadh le chéile arís agus tráthnóna breá a bheith acu.

Cuireadh fáiltiú buifé agus fíona ar fáil do na haíonna agus chuir cór na Seirbhíse Cúirteanna réimse leathan ceoil agus amhrán ar fáil dóibh mar shiamsa. B'iomaí ceanán idir shean agus nua a bhí acu. D'éirigh thar cionn arís leis an ócáid agus bhain na baill atá imithe ar scor agus na baill reatha an-taitneamh as. Táimid ag súil go mór leis an gcéad imeacht eile a bheidh ar siúl sa bhfómhar.

Tá comhghairdeas le déanamh leis an Oifigeach Cúnta Fostaithe, Deirdre Maye agus a foireann cúntóirí as ucht na hócáide a eagrú. Míle buíochas le gach duine a chaith a gcuid ama ag cur fáilte ar ais roimh na seanchairde seo go léir.

Go deisealach ó bharr thaobh na láimhe deise: Ag baint taitnimh as Tráthnóna Samhraidh i Margadh na Feirme – Eileen O'Neill agus Teresa Brophy; Brendan Daniels, Dan Boland, Pat Curtin agus Pat Kearns; Anne Mooney, Kathleen O'Connor agus Noreen O'Donnell agus Sarah Byrne.

Léirmheas Leabhair

Practice and Procedure in the Superior Courts
Benedict O'Floinn
An dara heagrán arna fhoilsiú ag Tottel Publishing Ltd.

Ba gearr a bhí an leabhar seo foilsithe i 1996 nuair a bhí sé ar cheann de na leabhair sin nach bhféadfadh cleachtóirí déanamh dá n-uireasa. Bhí an scéal amhlaidh toisc gur thug sé an chéad tráchtaireacht ar Rialacha na nUaschúirteanna i saol an lae inniu. Is iomaí leasú a rinneadh ar na rialacha sin ó 1996 i leith agus faoi mar a scríobhann an tUasal Ó Floinn féin "tá na príomhthagairtí reachtúla, cásanna agus treoracha cleachtais a bhaineann leis na rialacha sin faoi mar ba chosúil iad a bheith ar 14 Deireadh Fómhair 2007" le fáil san eagrán nua seo. Tá fáilte mhór le cur roimh an leabhar seo.

Griogann an t-údar muid ina réamhrá san eagrán nua nuair a deir sé go raibh "a lán tionscnamh spreagúil" sna rialacha a tugadh isteach i rith na deich mbliana ó foilsíodh an chéad eagrán, ach ní thugann sé aon mhionléiriú dúinn orthu. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh, mar shampla, do bhunú na Cúirte Tráchtála agus dá córas bainistithe cás, próiseas na dteimpléad a tugadh isteach chun éascú a dhéanamh ar iarratais reachtúla agus achomhairc chun na hArd-Chúirte, an simpliú a rinneadh ar iarratais faoi na hAchtanna Eadrána agus nós imeachta mionsonraithe a soláthraíodh maidir le himeachtaí faoin reachtaíocht um fháltais ó choireacht agus maoiniú sceimhlitheoireachta, gan trácht ar na nósanna imeachta atá riachtanach de bharr réimse ionstraimí ar leibhéal an AE maidir le comhoibriú breithiúnach i ngnóthaí sibhialta agus tráchtála.

Tá fáilte is fiche le cur roimh an eagrán nua, in ainneoin an ghearáin bhig seo, agus tá mé cinnte go mbeidh sé lán chomh luachmhar leis an eagrán a chuaigh roimhe. valuable as its predecessor.

The Grass is Singing
Doris Lessing



Ba é The Grass is Singing an chéad úrscéal le Doris Lessing agus foilsíodh i 1950 é. Rinne Harper Perennial é a athfhoilsiú i 2007 mar cuid dá sraith Modern Classics. Bhuaigh Dorris Lessing Duais Nobel na Litríochta i 2007 agus is tráthúil mar a cuireadh a chéad úrscéal ar fáil arís.

Tá an scéal suite sa Róidéis (ar a dtugtar an tSiombáib anois) áit ar chónaigh an t-údar ar feadh roinnt blianta. Insíonn sé scéal Mary. Cailín ón mbaile mór is ea í a chloiseann cuid dá cairde ag rá nach bpósfaidh sí go deo. Téann sí ag lorg fir de bharr na cainte seo agus bogann sí amach faoin tuath chun an feirmeoir Dick Turner a phósadh. Saol beo bocht atá aici agus gan éalú ar bith aici uaidh mar teipeann glan ar a hiarrachtaí féin agus ar iarrachtaí Dick feabhas a chur ar a saol. Tá a lochtanna féin ar an mbeirt acu agus tugann an t-údar cuntas cruinn crua ar an gcaoi a dtéann a saol chun donais sa tír-raon álainn achrannach atá sa chuid sin de dheisceart na hAfraice. Níl Mary mothálach ná tuisceanach agus tarlaíonn tragóid dá bharr faoi dheireadh. Fear bródúil é Dick agus tá an oiread sin grá aige don bhfeirm nach féidir leis glacadh le fírinne an scéil ach in ainneoin lochtanna na beirte tá trua againn dóibh araon. Tá an scéal suite i ré na coilíneachta agus is léir go gcuireann dearcadh na bhfeirmeoirí geala i leith a gcuid oibrithe gorma fearg ar an údar.

Is deacair an leabhar seo faoi dhaoine lochtacha agus díoltas deireanach a chur síos agus tá sé le moladh.

Tá Noel A. Doherty ina Phríomhoifigeach i Stiúrthóireacht Athchóirithe agus Forbartha na Seirbhíse Cúirteanna.

Caife agus cácaí le cabhrú leis an tSaimbia

Sophia Purcell agus an Breitheamh Vivian Lavan

Bhí an-áthas ar an Taighdeoir Sinsearach Breithiúnach, Sophia Purcell de bharr na tacaíochta a tugadh do chúis an-fhiúntach sa tSaimbia le déanaí.

Tá mo dheirfiúr agus mic léinn fisiteiripe ag obair in Ospidéal Ginearálta Livingstone sa tSaimbia agus iad ag íoc as a gcuid eitiltí, cóiríochta agus costais. Thiomsaigh siad airgead chun trealamh riachtanach a cheannach don ospidéal - bord obrádlainne, mar shampla, agus ocsaiméadracha cuisle, meaisíní brú fola, goradáin, meaisíní leictreacardagram, trealamh súite, meá-scálaí, teirmiméadair, monatóirí glúcóis, soláthairtí drugaí, frithbheathaigh, bindealáin agus uamanna. Tá an t-ospidéal na blianta laistiar d'ospidéil na hÉireann ó thaobh caighdeán an trealaimh atá ann. Fuair sé a chéad meaisín leictreacardagram agus a chéad goradán le haghaidh leanaí réamhaibí anuraidh de bharr an airgid a thiomsaigh mic léinn míochaine as Éirinn.

Tá an tSaimbia beagnach chomh mór le California agus Nevada le chéile agus daonra de 11 mhilliún inti. Tá thart faoi 250 leaba san ospidéal agus tá sé ag freastal ar suas le 800,000 duine. Níl ach ceathrar dochtúirí oilte as an tSaimbia san ospidéal. Níl ach fíor bheagán soláthairtí míochaine ann - má tá siad ann ar chor ar bith - agus is é an t-aon rud amháin ar féidir a bheith ag braith air ná dea-rúin. Níl ach 40 leaba i mbarda na leanaí agus uaireanta bíonn triúr leanaí in aon leaba amháin. Is mian leis na mic léinn an oiread airgid agus is féidir a thiomsú don ospidéal seo a bhfuil soláthairtí fíor-riachtanacha agus leigheas an-ghann ann. Cabhraíonn gach aon rud. Is minic, mar shampla, a bhíonn ar othair déanamh gan x-ghathanna riachtanacha cé nach gcosnaíonn siad ach €2 an ceann. €1 atá ar fheadán ET.

Cúis mhór áthais dúinn an líon daoine a tháinig chuig ár maidin caife ar son na cúise sármhaithe seo. Ár mbuíochas le gach duine as ar thug siad go fial.



TEACH SOLAIS AN PICTURLANN

Saol breá sa Cheathrú Dhlíthiúil nuair a chuireann Pictiúrlann an Light House leibhéal cultúrtha nua ar fáil.

Ba bhreá le daoine Pictiúrlann an Light House i mBaile Átha Cliath agus d'airigh siad uathu go mór é. Athosclaíodh a doirse ag tús mhí Bhealtaine le haghaidh lucht déanta scannán agus díograiseoirí na scannán agus chuir siad spás nua cultúrtha ar fáil i gcroílár chearnóg Mhargadh na Feirme sa Cheathrú Dhlíthiúil: Seo tuairisc ó Gerry Curran faoi.

Bhí breis agus 600 duine i láthair le gach rath a ghuí ar athoscailt oifigiúil na pictiúrlainne seo a bhfuil gean ag daoine uirthi is atá ina comhartha sóirt íocónach. Ina measc bhí pobail dlí an cheantair, lucht déanta scannán agus díograiseoirí na scannán. Chosain an tionscnamh €8 milliún agus chuir an Stát páirtmhaoiniú ar fáil trí mheán na Roinne Turasóireachta agus Spóirt, na Comhairle Ealaíon agus Bord Scannán na hÉireann.

Ag labhairt di ag an seoladh oifigiúil dúirt Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon agus ball de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna, Olive Braiden, "Uaireanta cuireann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht ar fáil do thionscadal ar bhealach caolchúiseach fíneálta ach bíonn tionchar cumasach aige, agus uaireanta ar ócáidí speisialta cuireann sé oíche ar fáil mar atá againn anocht, nuair is féidir linn a bheith bródúil agus sceitimíní áthais orainn; tuigimid go bhfuil an saol lán de rudaí is féidir a dhéanamh. Ba mhaith liom tacú le Bord Scannán na hÉireann atá mar chomhghleacaí againn sa Cultural Cinema Consortium, agus comhghairdeas a dhéanamh leo siúd go léir a raibh páirt acu in oscailt an Light House, agus tá súil agam go mbeidh sé mar lóchrann geal ag mealladh daoine chun na hamharclainne ar feadh na mblianta fada."

"Tá sé rí-thábhachtach dar le Bord Scannán na hÉireann lucht féachana nua a mhealladh agus ionaid nua a fháil chun scannáin Éireannacha a thaispeáint agus tá an-áthas orainn a bheith ag

Ba iad na hailtirí DTA Architects a bhfuil gradam buaite acu a dhear an phictiúrlann. Ailtireacht shamhlaíoch a bhainfeadh an t-anáil de dhuine atá sa Light House agus níl ionad pictiúrlainne mar é ar domhan.

Cathaoirleach Bhord Scannán na hÉireann, James Morris agus Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon, Olive Braiden

obair leis an gComhairle Ealaíon agus le Pictiúrlann an Light House chun é seo a bhaint amach," arsa Cathaoirleach Bhord Scannán na hÉireann, James Morris.

Ba iad na hailtirí DTA Architects a bhfuil gradam buaite acu a dhear an phictiúrlann. Ailtireacht shamhlaíoch a bhainfeadh an t-anáil de dhuine atá sa Light House agus níl ionad pictiúrlainne mar é ar domhan. Tá an chosúlacht ar an scéal cheana féin go mbeidh sí ina lárionad cultúrtha sa Cheathrú Dhlíthiúil.

Labhair comhstiúrthóirí an Light House Cinema, Neil Connolly agus Maretta Dillon, le Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna i gcaitheamh an tráthnóna. Bhí sé seo le rá ag Neil: "Tá clár cultúrtha dáiríre againn agus d'éirigh linn tacaíocht a fháil ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, ón gComhairle Ealaíon agus ó Bhord Scannán na hÉireann. Creidimid go bhfuil sé de chumhacht ag cúrsaí pictiúrlainne athruithe a dhéanamh ar shaol daoine - creidimid gur féidir scannáin a úsáid le dul ag taisteal trí dhomhan na samhlaíochta agus na haislinge: agus dul i bhfeidhm ar an domhan réadach freisin, ar shaol na sochaí agus na polaitíochta inar féidir linn a bheith sibhialta agus tionchar na sibhialtachta a beith againn ar dhaoine."

Leag Maretta béim ar an gcaoi go bhfuil an "sainordú céanna ag an bpictiúrlann anois is a bhí aici nuair a bhí sí i Sráid na Mainistreach. Tá foireann an Light House tiomanta do réimse leathan scannán cultúrtha a chur ar fáil, lena n-áirítear scannáin arthouse, scannáin neamhspleácha agus scannáin príomhshruthacha d'ardchaighdeáin mar aon le scannáin a léiríonn an tsochaí bhríomhar ilchultúrtha atá againn a bhfuil forás ag teacht uirthi i gcónaí."

Is féidir áirithintí a dhéanamh agus tuilleadh eolais a fháil ag www.lighthousecinema.ie.

Creidimid go bhfuil sé de chumhacht ag cúrsaí pictiúrlainne athruithe a dhéanamh ar shaol daoine - creidimid gur féidir scannáin a úsáid le dul ag taisteal trí dhomhan na samhlaíochta agus na haislinge.

I mbun Siúil agus Cainte
ar fud Bhaile Átha Cliath

Daoine a ghlac páirt sa siúlóid Giúdach i láthair ag an díospóireacht phainéil i Halla na dTáiliúirí.

Ghlac beagnach 250 de mhuintir na háite, turasóirí, lucht staire agus baill de phobal Giúdach Bhaile Átha Cliath páirt i siúlóid sa chathair. Ba í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a d'eagraigh í mar chuid de 'Lá Comharsana na hEorpa'.

Bhí an tsiúlóid ina cuid freisin d'iarrachtaí na Comhairle éascú a dhéanamh ar 'Bliain Eorpach an Chomhphlé Idirchultúrtha' ar a thugann sí 'Bímis ag Siúl is ag Caint - Tránna Nua agus Rianta Ársa.' Is í an aidhm atá léi ná oideachas a chur ar mhuintir na hÉireann agus ar phobail nua faoi chultúir eile atá sa chathair. Tá sé ar intinn acu siúlóidí cultúrtha eile a eagrú go luath mar aon le tráthnónta díospóireachta.

Ba é Pat Liddy atá ina staraí agus ina údar a threoraigh an turas. Ba é Leas-Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, an Comhairleoir Anne Carter a sheol an turas ag Teach Tábhairne an Barge i bPortobello. D'fhan siad tamall le linn na siúlóide ag an Iarsmalann Giúdach ar Sráid Walwoth agus shiúil siad an Cuarbhóthar Theas agus Sráid Chlann Bhreasail Íochtarach. Is ceantar é seo a dtugtaí 'Iarúsailéim Bheag' air tráth.

"Ní raibh sé ar intinn agam fanacht ró-fhada mar bhí slua mór i láthair agus drochlá ann ach d'fhan mé leo agus fuair mé amach go raibh sé an-spéisiúil agus an-oideachasúil go deo. Táim ag súil go mór leis an gcéad siúlóid eile," a dúirt Karol Cronin, múinteoir scoile a ghlac páirt sa turas.

Cuireadh bailchríoch ar an turas le fáiltiú ag Halla na dTáilliúirí atá gar don tSráid Ard i gceathrú Mheánaoiseach Bhaile Átha Cliath. Bhí deis ag na siúlóirí blaiseadh de bhia agus cultúr Giúdach a fháil agus taispeánadh an scannán gearr, 'Blind Eye', a bhfuil Ardal O'Hanlon ina réalta ann. Insíonn sé scéal fíor faoi Ghiúdach mná a bhí ina cónaí i mBaile Átha Cliath i 1939 agus a bhí le díbirt ar ais chun na Gearmáine ónar tháinig sí. Ba é an rud deireanach a bhí ar chlár an tráthnóna ná díospóireacht bheoga fhaisnéiseach inar phléigh an painéal an chaoi ar chuir an pobal Giúdach le saol Bhaile Átha Cliath. Bhí an Teachta Alan Shatter; Mary Rose Doorly, léiritheoir 'Blind Eye'; Raphael Siev, coimeádaí na hIarsmalainne Giúdaí agus an saineolaí Giúdach a bhfuil meas an phobail air, Joe Briscoe ar an bpainéal a raibh Katrina Goldstone ina cathaoirleach air.

Ag tagairt dó don ócáid, dúirt Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, an Comhairleoir Paddy Bourke, "Tá an pobal Giúdach anseo in Éirinn le fada an lá agus ghlac siad páirt mhór i saol tráchtála, cultúrtha agus polaitiúil na bpobal atá againn. Ós ó Bhaile Átha Cliath mé féin aithním an pháirt thábhachtach a bhí ag an bpobal Giúdach i saibhriú na cathrach seo againne."

Bhí an líon ab airde riamh den phobal Giúdach in Éirinn go luath sa 20ú Céad nuair a bhí thart faoi 4,800 acu anseo. Laghdaigh an uimhir sin go 1,930 de réir daonáireamh na bliana 2006. I measc na ndaoine mór le rá sa phobal Giúdach in Éirinn tá: Robert Briscoe, a bhí ina Ard-Mhéara ar Bhaile Átha Cliath faoi dhó; Ben Briscoe (mac Robert), Iar-Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath agus TD; Gerald Goldberg, Iar-Ard-Mhéara Chorcaí; agus Chaim Herzog, a rugadh in Éirinn agus a bhí ina séú uachtarán ar Iosrael.

Is féidir fáil amach faoi thionscadail eile agus dátaí na siúlóidí agus na gcainteanna ag www.dublin.ie

Ag spaisteoireacht thart faoin aer an SAMHRADH seo!

Tá an samhradh - nó an rud ar a nglaoimid an samhradh anseo in Éirinn - tagtha faoi dheireadh agus tá cuimse imeachtaí agus féilte ar siúl. Seo liosta randamach de na himeachtaí atá ar siúil i Mí Iúil agus Lúnasa.

Ba mhillteach an samhradh a bhí againn anuraidh agus fágann sé sin dhá rogha againn: áirc a thógáil nó leas a bhaint as an dea-ghiúmar a bhíonn orainn mar Éireannaigh agus taitneamh a bhaint as an saol in ainneoin na drochaimsire.

COIMÉIDÍ

Féadfaidh tú faoiseamh a fháil as coiméide má bhíonn an aimsir fliuch gruama. Tá aithne forleathan ar **Des Bishop** le tamall de bharr a chláracha coiméide teilifíse agus bhí rath ar an obair a rinne sé faoina chuid iarrachtaí Gaeilge a fhoghlaim. Tabharfaidh sé seó aonfhir Tongues sa Pavilion i nDún Laoghaire ar 3 Iúil ina n-inseoidh sé faoinar tharla dó sa Ghaeltacht. Tabharfaidh sé léasadh maith don Mhodh Coinníollach gan amhras.

D'éirigh go maith le **Dara Ó Briain** ar scáileáin teilifíse na Ríochta Aontaithe (Mock the Week agus Have I Got News for You), agus beidh seó aige i Sráid an Bhiocáire ar 5 agus 6 Iúil. Beidh seó sé oíche ag **Lee Evans** san Olimpia ag tosú ar 14 Iúil. Ní ghlacann sé sos agus bíonn sé báite le hallas. Bhí sé ina réalta mór coimidé sa RA sna nóchaidí ach níl an oiread sin cainte faoi anois in ainneoin páirt a bheith aige i roinnt scannán de chuid Hollywood. Má tá coiméide bhuile osréalach uait is é seo an fear chuige.

SCANNÁIN

Is cosúil go bhfuil scannáin iontacha gann an samhradh seo. Tá **Fleadh Scannán na Gaillimhe** ag tosú ar 8 Iúil dóibh siúd a chuireann spéis dáiríre sna scannáin. Féile scannán idirnáisiúnta sé lá atá ann. Féile lucht déanta scannán atá ann cuid mhaith. Bíonn lucht féachana measctha acu lena n-áirítear gnáthdhaoine a bhíonn ag tarraingt ar phictiúrlanna, daoine a chuireann spéis mhór i scannáin, daoine atá ag foghlaim conas scannáin a dhéanamh, gairmithe an tionscail agus aíonna speisialta a fuair cuireadh teacht. I measc na nAíonna a bhí acu go dtí seo bhí: Jeremy Irons, Kathy Bates, Stephen Frears, Michael Winterbottom, Woody Harrelson, An Ridire Richard Attenborough, Oliver Reed, Jim Sheridan agus Neil Jordan. Féach ar www.galwayfilmfleadh.com.

Léiríonn scannán **Wall.E** le Disney an chaoi ar fearr leo innill a roghnú ná daoine le tamall anuas. Scannán é seo le híomhánna ríomhghinte faoin róbat deireanach ar domhan ag titim i ngrá le ceann ó phlainéad i bhfad i gcéin. Ar a laghad bhí éifeacht mhothúchánach ann nuair a fuair máthair Bambi bás. Má fhaigheann ceann de na hinnill seo bás beidh sé chomh truamhéalach le bás tóstaeir. Tosófar á thaispeáint ar 18 Iúil.

Táthar ag leanúint ar aghaidh i gcónaí ag déanamh scannán faoi sárlaochra. Tá an scannán friseáilte le cead ó lucht déanta **Batman** ar cheann de na cinn is fearr acu. Filleann Christopther Bale ar a ról mar Bruce Wayne/Batman sa scannán Dark Knight agus is é Heath Ledger nach maireann an Joker agus é glan as a chiall. Tosófar á thaispeáint ar 25 Iúil. **Hellboy 2**: Scannán eile ón tsraith faoi sárlaochra nach bhfuil deireadh go deo léi is ea The Golden Army ... tuigeann tú cad atá i gceist agam. About a boy, from Hell – tosófar á thaispeáint ar 25 Lúnasa.

CEOL

Beidh meascán mór de léirithe ceoil ar fáil an samhradh seo agus formhór na léirithe beaga faoi scáil ag féilte Oxegen agus Electric Picnic.

Beidh Oxegen ar siúl ar feadh 3 lá i

mbliana ag tosú ar 11 Iúil. Is mór le rá na daoine a bheidh ar stáitse. Níl i R.E.M., The Verve, Amy Winehouse, The Pogues, Bell X1, Cat Power agus Reverend agus the Makers ach cuid díobh siúd a bheith ag seinm i gcaitheamh na dtrí lá.

Maíonn Electric Picnic go bhfuil seó de chineál eile acu agus é dírithe ar dhream atá beagán níos sine. Is minic a bhíonn na grúpaí is na daoine a bhíonn ag seinm ag an bhféile seo ag seinm le hOxegen an bhliain dar gcionn. Má tá duine ar bith ag smaoineamh ar a gcuid leanaí a thabhairt leo (nach iontach cosúil le féile Gastonbury é seo?) beidh cead isteach saor in aisce ag leanaí faoi bhun 12 bliana d'aois ach iad a bheith le duine a bhfuil ticéad bailí aige nó aici. Tá na Sex Pistols, Sinead O'Connor, Duffy, Christy Moore, Lisa Hannigan, Franz Ferdinand agus Sigur Ros i measc na n-ainmneacha is mó le rá ar liosta na bliana seo. Ó 29 Lúnasa ar aghaidh.

Meallfaidh na féilte seo na sluaite ach beidh a lán léirithe eile ar siúl freisin. Moladh Richard Hawley a bhíodh ina ghiotáraí le Pulp go spéir nuair a sheol sé a dhara halbam amhrán a raibh blas na gcaogaidí air. B'fhéidir gur seod samhraidh faoi cheilt a bheidh ann nuair a bheidh sé ag seinm i Leitir Ceanainn agus i Leisureland na Gaillimhe mar chuid dá bhféilte ealaíon ar 13 Iúil agus 14 Iúil faoi seach.

Níos mó d'fholtliath ná d'fholtbhuí le feiceáil faoin am seo,

leanann Debbie Harry and Co ar aghaidh lena dtaispeántais bheo. Beidh siad ag seinm ag Sráid an Bhiocáire ar 25 Iúil. Tugann máithreacha gean a gcroí do Michael Bublé agus bíonn ceol leis a sheinm gan stad i Tesco agus Homebase. Tá sé ar intinn aige taispeántais de luasc-cheol maoithneach a chur ar fáil ar 26 agus 27 Iúil ag Stáid Dhomhnach Broc.

Beidh na bannaí ceoil céilí is fearr in Éirinn ag seinm ag Fleadh an Domhain a bheidh ar siúl i bPort Laoise ar an 31 Iúil. Lena chois sin beidh seisiúin, comortais craobh an domhain le haghaidh ceol, amhrán agus rince tradaisiúnta na hÉireann ar siúl mar aon le máistir ranganna agus taispeántais de stíleanna éagsúla.

Thosaigh siad ag iarradh aithris a dhéanamh ar Radiohead, ghabh siad aicearra trí punc-cheol agus sa deireadh thiar tá ag éirí leo stáideanna a líonadh. Cuireann Muse seó breá ar siúl - cuirfidh siad tús le sraith seónna le healaíontóirí éagsúla ag Páirc Marlay ar 13 Lúnasa. Beidh Lenny Kravitz agus Alanis Morissette ag seinm ag Páirc Marlay freisin ar 19 Lúnasa. "Deich míle spunóg agus gan uait ach scian." Ní iaróin de chuid Alanis é seo ach tarraiceán easnamhach sceanra.

Bí ag súil le buillí garbhghlóracha rithmiúla na ngiotár i Ráth Fearnáin nuair a bheidh Metallica ag seinm ag Páirc Marlay an lá dar gcionn (20 Lúnasa). Ní bheidh an áit ach glanta ag an bhfoireann agus beidh tiompáin na gcluas fós ag clingeadh nuair a thiocfaidh The Killers agus Bloc Party le seó eile samhraidh a thabhairt.

AGUS FAOI DHEIREADH...

beidh Féile Cultúr an Domhain ar siúl i nDún Laoghaire ar 22 Lúnasa le feabhas a chur ar léiriú agus comhtháthú ealaíonta le haghaidh pobail nua na hÉireann trí ardán a thabhairt dóibh chun caidreamh cruthaitheach idirchultúrtha a bheith acu. Féach ar www.festivalofworldcultures.com

chun tuilleadh a fháil amach.

Rogha Scoileanna Samhraidh 2008

Bailíonn lucht adhartha James Joyce ó chian is ó chongar ag Scoil Samhraidh James Joyce gach bliain chun ceiliúradh agus anailís a dhéanamh ar shaothar an mhórúdair seo. Beidh an scoil ar siúl i dTeach Newman áit a mbíodh Joyce ag an ollscoil agus ag Boston College-Ireland. Tá siad araon i bhFaiche Stiabhna i gcroílár Bhaile Átha Cliath. Beidh an Scoil Samhraidh seo ar siúl ón Domhnach 6 Iúil go dtí an Satharn 12 Iúil 2008. Teileafón: (01) 7168159 nó ríomhpost anne.fogarty@ucd.ie.

Tabharfaidh cuid de na saineolaithe Yeats is mó le rá ó ollscoileanna ar fud an domhain léachtaí ag Scoil Samhraidh Yeats 2008. Beidh dhá léacht gach maidin, seimineáir do ghrúpaí beaga gach lá, Léitheoireacht Filíochta, Drámaí agus turais agus cuairteanna chuig áiteanna spéisiúla ó thaobh Yeats de. Beidh an scoil seo ar siúl ón Satharn 26 Iúil go dtí an Aoine 8 Lúnasa. Teileafón 071 9142693 nó ríomhphost info@yeats-sligo.com.

Is é Lárionad na hÉireann um Chearta an Duine a chuirfidh Scoil Samhraidh na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta 2008 ar siúil ó 21 go 26 Iúil. I gcaitheamh na gcúig lá sin tabharfar léachtaí, tabharfar mioneolas do mhic léinn faoi bhunú na Cúirte, an dlí infheidhmithe, na struchtúir agus na hoibríochtaí atá aige, agus labhróidh na léachtóirí faoi rudaí bainteacha sa dlí coiriúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear dlínse agus díolúine uilíocha. Téigh chuig http://www.nuigalway.ie/human_rights/icc_summer_school.html chun tuilleadh eolais a fháil.

Bíonn daoine ag teacht ó chian is ó chongar chuig Scoil Samhraidh MacGill ach níor fógraíodh na sonraí fós agus muid ullamh chun an eagrán a chur i gcló.

Ar sciuird timpeall **Nua-Eabhrac**

Ní féidir liom cur síos a dhéanamh ar an spleodar mór millteach a bhí orm is mé ag gluaiseacht liom ar luas ar an rothar timpeall na cathrach seo a chuirfeadh draíocht ar dhuine agus mé slán ó na feithiclí a bhí ar buile laistigh di.

Chuaigh ár dtaistealaí króga, Paddy Monahan, trasna an Atlantaigh go dtí an 'Big Apple'. Roghnaigh sé bealach cliste le dul ag taisteal timpeall na cathrach, faoi mar a mhíníonn sé.

Bhí mé i Nua-Eabhrac don chéad uair cúpla bliain ó shin agus bhain mé ansult go deo as. Fuair mé amach go bhfuil an Empire State Building an-ard ar fad agus go bhfuil Dealbh na Saoirse lán chomh cumasach mór is a chreid mé, agus go mb'fhearr duit gan dul ag siúl má deir fógra "Don't Walk". Ba é an t-aon rud a tuigeadh dom a bheith aisteach ná an chaoi nach raibh na tacsaithe buí mar a bhíonn siad sna scannáin ach go mbíonn dath glas cosúil le dath na líomóidí orthu le poncanna corcra polca. (Maith go leor. Ba bhréag an chuid deireanach ach chuir mé isteach é le feiceáil an raibh tú ag tabhairt aire.)

Taistealaíonn a lán daoine go Nua-Eabhrac agus ní théann siad puinn níos faide ná taispeántas feiceálach Manhattan, cé nach bhfuil ann ach ceann amháin de chúig bhuirg na cathrach. Is duine den sórt sin mise. Tá brón orm. Níor mhian liom go mbeifeá ag súil leis an iomarca. An raibh tú ag súil go mbeinn im' thaistealaí króga chuig na codanna is sia amach de Queens, Brooklyn, na Bronx agus Oileán Staten? An dóigh leat gur mise Ernest Shackleton?

Tar éis dom blaiseadh de shaol na hoíche, proinntithe, seónna Broadway, músaeim, dánlanna agus cispheil NBA i Madison Square Garden go léir in aon deireadh seachtaine amháin tuigeadh dom nach aon chúlán chodlatach é Nua-Eabhrac faoi mar a deirtear agus go bhfuil an iomarca ar fad ar siúl ann le tosú ag cur síos orthu anseo. Ina áit sin díreoidh mé ar an mbuaicphointe agus an t-iontas ba mhó a bhí agam i rith an turais go léir - rothar a fháil ar cíos i Manhattan.

Samhlaíonn daoine gurb é atá i gceist i Nua-Eabhrac ná toirt mhór mhiotail á bhrú féin ar aghaidh tuairteoir le tuairteoir ina thranglam tráchta ar ghreille tharramhacadaim bhruite te. Tá sé sin cruinn go leor. Is beag duine, mé féin san áireamh, a thuigeann sula dtéann siad ar cuairt ann go bhuil raon rothair lasmuigh den bhóthar ina líne gan bhriseadh timpeall an oileáin go léir beagnach.

Is ar éigin gur féidir liom cur síos a dhéanamh ar an ngliondar agus an t-ardú croí a thug sé dom gluaiseacht ar luas timpeall na cathrach seo a chuirfeadh draíocht ar dhuine agus mé slán ó bhuile na ngluaisteán laistigh di. Is iomaí áit ar féidir leat rothar a fháil ar cíos. Thugamar lónta pacáilte agus neart uisce linn agus d'éirigh linn turas thart faoi 60 ciliméadar a dhéanamh in aon lá iontach amháin.

Chuamar go Battery Park ar dtús áit a raibh radharc againn ar Dhealbh na Saoirse agus Oileán Ellis sula ndeachamar ag rothaíocht go South Street Seaport, trasna Droichead Brooklyn (ar chosbhealach álainn adhmaid os cionn na tráchta) ar ais arís thar Dhroichead Manhattan agus thar Dhroichead Williamsburg (agus chuamar tharstu go léir ar raonta faoi leith le haghaidh na rothar). Stadamar chun anáil a tharraingt agus greim a ithe (bia caisear dar ndóigh) i gceantar Giúdach Hasadach Williamsburg a chuir ionadh orainn de bharr a aonfhoirmí is a bhí sé. As go brách linn ar na rothair ansin agus d'fhilleamar ar Manhattan.

Chuamar ar thuras isteach san oileán agus pharcáileamar ár rothar chun turas tionlactha a bheith againn ar Músaem Tionóntán an Lower East Side. Áit bheag álainn é seo agus é ceilte ag rae i ndiaidh rae de thithe clasaiceacha ceithre stór Nua-Eabhrac (agus bealaí éalaithe guagacha orthu go léir agus na brící ag dreo). Déanann sé seo comhlánú cruinn iomlán ar mhúsaem Oileán Ellis agus ní fheadfadh aon duine a chuireann spéis í gcúrsaí inimirce agus sna grúpaí eitneacha go léir a thóg Nua-Eabhrac fadó gan dul ann. Dar ndóigh bhí na sluaite Éireannach i measc na ngrúpaí sin. Is ábhar spéise é go bhfuil an músaem suite idir Little Italy (Arb é an t-ainm an rud is Iodálaí atá ag baint leis inniu) agus Chinatown atá fuadrach suaiteach agus plódaithe le Sínigh don chuid is mó. Léiríonn an chéad cheann go measann na seanphobail imirceacha leis an tsochaí mhór agus nuair a leathnaíonn siad amach ó na ceantracha ina raibh siad go mbíonn pobail nua ag teacht ina n-áit i gcónaí.

Chaitheamar cúpla uair a chloig fíorspéisiúla sa mhúsaem sula ndeachamar amach ar an raon arís. Chuamar thar foirgnimh na NA agus isteach faoin oileán ar feadh tamaill agus muid ag taisteal ar an mbóthar an uair seo chun an Empire State Building agus Time Square a fheiceáil. Chuamar suas Broadway agus isteach i Central Park. Buaicphointe an turais ab ea ceantar Morningside Heights thart timpeall Ollscoil Columbia ar an taobh ó thuaidh den pháirc.

Bhí an ghrian ag dul faoi agus ár gcroí ag preabadh agus pianta inár ngéaga nuair a chuamar ag rothaíocht síos an oileán arís chun scíth a bhí tuillte go maith againn a fháil. Chun an fhírinne a rá bhí scíth cúpla nóiméad ag an té nach ndeachaigh isteach sa chithfholcadh ar dtús agus ansin chuamar amach arís i measc áitreabhach fiáin aisteach neamhghnáthach na cathrach seo nach gcodlaíonn choíche... ach sin scéal eile.

As an Oifig le...Rob Rogers



Cad é an rud is mó a spreagann thú?
Is Réiteoir mé i Sraithchomórtas Eircom.

Cén chaoi ar tharla sé go raibh baint agat leis?
Bhí mé 17 mbliana d'aois, sa chúigiú bliain agus mé ag staidéar go dian le haghaidh scrúdú na hArdteistiméireachta. Rinne mé cúrsa seachtaine i gColáiste na Tríonóide. Bhí scrúdú le déanamh ag an deireadh agus nuair a bhí sé déanta agam fuair mé amach go raibh mé i mo réiteoir cáilithe agus é ar mo chumas dul i mbun réiteoireachta an deireadh seachtaine dar gcionn. Sainíodh mé do Shraithchomórtas Peile Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus ba é sin tús mó ghairmréime.

Cén chaoi a ndeachaigh cúrsaí ar aghaidh duit ina dhiaidh sin?
Chonaic Meastóir Réiteoirí Chumann Sacair na hÉireann mé agus tairgeadh áit dom i Scoil Sármhaitheasa Chumann Sacair na hÉireann le haghaidh réiteoirí óga. Cúrsa 4 bliana atá sa scoil agus is dianchúrsa réiteoireachta é ar an leibhéal is airde. Tar éis dom seal a chaitheamh i Sraith Sinsir Laighean (atá ar leibhéal idirmheánach, céim amháin faoi bhun leibhéal Sraithchomórtas Eircom) tugadh ardú céime dom agus cuireadh ar phainéal Sraithchomórtas Eircom mé i 2005. Ní raibh ach 22 bhliain slánaithe agam ag an am agus ba mise an té ab óige ar an bpainéal. Is Réiteoir Chéad Roinne anois mé agus bím i gceannas ar chluichí gach seachtain.

Cad iad na dúshláin atá le sárú ag réiteoirí an lae inniú?
Fadhb atá ann le fada is iad na maslaí nó an drochíde a thugtar d'oifigigh na gcluichí. Cúis gháire agus scanraidh an taithí atá agam féin ar an iompar sin. Bhí ceolchoirm le Celine Dion ar siúl i bPáirc an Chrócaigh nuair a bhí mé i mbun réiteoireachta ar Shíol Bhrain i bPáirc na Tulchann agus bhí an ceol le cloisteáil sa stáid. Chuaigh imreoir as Síol Bhrain go talamh sa bhosca. Iarradh orm cic píonóis a thabhairt ach dhiúltaigh mé é sin a dhéanamh. Lig bainsiteoir Shíl Bhrain scréach liom: "for f*** sake Rob, ná bac le bheith ag éisteacht le Celine Dion agus tabhair aire."

Tharla an rud ba mheasa dom nuair a bhí dhá fhoireann ag imirt i mBaile Formaid. Tharla troid agus thaispeáin mé Cártaí Dearga don dá thaobh. Bhí sé de mhí-ádh orm gur ionsaigh duine de na himreoirí mé.

Cad iad na deiseanna atá ann?
Chonaic mé peil den scoth á himirt. Bhí mé ar an toscaireacht Éireannach a cuireadh chuig cluiche Sraith na Seaimpíní idir PSV Eindhoven agus Deportivo La Coruna. Ba é an rud ba mhó a chuir sceitimíní orm ná bualadh le hoifigigh an chluiche ar a raibh Pierluigi Collina. Ba é sin an réiteoir ba mhó le rá i bpeil an domhain óir rinne sé réiteoireacht ar Chraobhchluiche Chorn an Domhain i 2006 agus ar Chraobhchluiche Shraith na Seaimpíní i 1999. Chaitheamar dhá uair a chloig leis roimh an gcluiche agus bhí ionadh orainn nach gcuirfeadh sé an oiread sin scanraidh ar dhuine i ndáiríre is a shílfeá ó bheith ag breathnú air ar an teilifís. Ar cheann de na cuimhní is ansa liom tá an chéad uair a bhí mé le feiceáil ar an teilifís ag deireadh an tséasúir seo caite sa chluiche idir Baile an Longfoirt agus Droichead Átha Aontaithe a bhí á chraoladh beo ar RTÉ 2. Bhí súil agam nuair a chonaic mé mé féin ar an teilifís gur chuir an ceamara an dealramh orm go raibh mé 10 bpunt ní ba throime!

Cad í an chéad chéim eile agat?
Tá 24 réiteoir ar an bpainéal. Mise an té is óige díobh agus tá súil agam go mbeidh gairmréim fhada fhiúntach agam. Mholfainn do gach leantóir peile dul chuig cluiche de chuid Sraithchomórtas na hÉireann agus feiceáil dóibh féin na hathruithe dramatúla atá tarlaithe le ceithre bliana anuas. Tá méadú tagtha ar an lucht féachana, tá feabhas curtha ar na háiseanna agus á gcur orthu fós agus don chéad uair le cuimhne na ndaoine tá caighdeán na peile ar chomhchéim leis an tSraithchomórtas Peile i Sasana.

Oibríonn Rob Rogers i Stiúrthóireacht TFC na Seirbhíse Cúirteanna. Is cuma más fear nó bean tú, téigh i dteagmháil le Rob ag (01) 888 6396 nó le Roinn na Réiteoirí i gCumann Sacair na hÉireann ag (01) 703 7500 más maith leat triail a bhaint as réiteoireacht.

Tús curtha le séasúr na peile

Tá Cumann Sacair na Seirbhíse Cúirteanna tar éis páirt a ghlacadh arís i Sraith na nAturnaetha don tríú bliain as a chéile. Ba bheag a bhí eadarainn anuraidh nuair a chailleamar an deis dul ar aghaidh go dtí na cluichí ceathrú ceannais agus tá rún daingean ag an bhfoireann dul níos faide i mbliana. D'éirigh go breá leo sa tsraith go dtí seo agus níor bualadh iad in aon cheann dá gcéad cheithre chluiche. Más duine nuathagtha chun na Seirbhíse thú agus más mian leat baint a bheith agat leis an bhfoireann téigh i dteagmháil le Andy Cleary ag (01) 888 6208 nó le Shane Lynch ag (01) 888 6742.

Socruithe Peile Shraith na nAturnaetha i gcóir an tSamhraidh

Lá	Dáta	Am	Foirne
Dé Máirt	8th Iúil	6.45i.n.	Courts v BCM
Dé Máirt	22nd Iúil	6.45 i.n.	Courts v Small Fry
Dé Máirt	29th Iúil	8.00 i.n.	O'DSE v Courts
Dé Luain	11th Lúnasa	6.45i.n.	William Fry v Courts

Imreofar na cluichí ar fhaiche spóirt an Dlí-Chumainn ag Plás Blackhall. Tar is tabhairt tacaíocht do na buachaillí.

Spoofing the superhero

Bhí amhras ar ár léirmheastóir scannán, Ronan Power faoi Scannán faoi Sárlaoch ach chuaigh radharcanna greannmhara agus dea-aisteoireacht i gcion air.

Is scannán grinn é seo den chineál sin a chuirtear ar fáil gach bliain agus a mbeidh gean nó gráin agat orthu is a bhainfidh rachtanna móra gáire asat nó a mheasfaidh tú roinnt beag grinn a bheith iontu. Scannáin den chineál seo ab ea 'Top Secret' agus'Airplane!' sna hochtóidí, an tsraith Scary Movies agus Meet the Spartans.

Díríonn an scéal seo ar phlota Spierman agus téamaí scannán eile faoi sárlaochra nasctha go cruinn ceart leis. Cuireann snáthaid mhór ga i Rick Ricker (Drake Bell) agus faigheann sé neart gan teorainn uaidh mar aon le cumas dreaptha ballaí agus eitilte. Tá cónaí air lena Aintín Lucille (Marion Ross) agus lena Uncail Albert (Leslie Nielson, fear ar dheacair gan a bheith ag gáirí faoi) agus le cabhair óna chara Kevin Hart, beartaíonn sé an domhan a shábháil agus cailín a chroí Jill (Sarah Paxton) a mhealladh. Féachann an léiritheoir David Zucker go bhfuil oiread rudaí greannmhara agus éifeachtaí speisialta ann go gcoinníonn sé aoibh gháire ort i rith an scannáin ar fad - scannán nach bhfuil ach thart faoi uair agus a fiche cúig nóiméad.

Tugann réamhbhlaiseadh an scannáin le fios dúinn go leanfadh an scannán treo na scannán a chuaigh roimhe, ach ba é an rud a mheall mise le dul ag féachaint air ná gurbh é an duine a rinne scannáin chlaiseacha mar 'Airplane!' agus 'The Naked Gun' David Zucker a léirigh é.

Tá clú réalta ar Leslie Nielsen de bharr na páirte a bhí aige in 'Airplane!'agus 'Naked Gun' agus tá ról mar é aige sa scannán seo. Ní haon hiontas iad na radharcanna dualgais a fhaighimid ar Pamela Anderson agus Tracy Morgan. Feicimid iad ar feadh tréimhsí gearra gan éifeacht ach ní fúthu atá an scannán.

Scannán scigmhagaidh é seo ar scannáin na SÁRLAOCHRA mura raibh sé sin ar eolas agat cheana féin, agus déanann siad jab maith de. Rinne mé an oiread sin gáire radharc i ndiaidh radhairc agus iad ag déanamh scigmhagaidh don chuid is mó faoi trí scannán Spiderman go raibh pianta orm. Theip ar chuid den ghreann - go mór mór na cinn a bhain le gaofaireacht - agus tuigeadh domsa gur cuireadh chun cinn iad gan mórán sofaisticiúlachta. Bhí cuma úr nua ar na cinn eile. Thug mé gean do na radharcanna a thug freagra ar an gceist "cad a tharlódh dá...?" a d'fhéafaí a chur faoi radharcanna ó Spiderman agus X-Men. Is é an ceann is fearr díobh nuair a thagann claochlú ar Drake Bell, i slí a chuirfeadh samhnas ort ,agus aithraítear é ina 'Shnáthaid Mhór' agus castar timpeall an radharc ó Spiderman nuair a théann sé ag dreapadh an bhalla agus airíonn sé go bhfuil rud éigin ar siúl nach bhfuil i gceart. Fanann an scannán leis na cúrsaí atá idir lámha agus ní roghnaítear daoine go randamach ó réimse an phopchultúir chun scigphictiúir a dhéanamh díobh agus iad a chur in adharca a chéile. Bhí údarás agus dáiríreacht le sonrú sa scannán seo nach bhfaightear a thuilleadh i scannáin scigmhagaidh agus bhí sé amhlaidh toisc Leslie Nielsen a bheith taobh le Bell ann. Déantar scigairthris ar Tom Cruise agus cé gur mheas mé ar dtús go raibh sé as áit sa scannán chuaigh mé i dtaithí air tar éis tamaill.

Bí cinnte go bhfanann tú amuigh fad is atá na creidiúintí á dtaispeáint. Tá thart faoi 20 nóiméad de radharcanna gearrtha sna creidiúintí le cur le fad an scannáin. Ba bhreá liom carachtar na Snáthaide Móire. Tá a fhios agam nach raibh ann ar fad ach scigmhagadh ach d'airigh mé go mba sárlaoch dáiríre a bhí ann. Ba bhreá liom go ndéanfaí páipéar grinn de. An gcuirfinn an scannán seo i gcomparáid le scannáin mar 'Top Secret!' nó 'Airplane!'? Níl baol ar bith ann go bhfuil sé chomh maith leo ach is coiméide bhreá é mar sin féin. Déantar dearmad na laethanta seo ar cad is greann ann i ndáiríre, agus is scannán é seo seans a chuirfidh an lucht féachana ag gáire.

Tráth na gCeist

Ós rud é go bhfuil Sraithchomórtais na hEopra faoi lán seoil faoi láthair is deacair a chreidiúint go bhfuil sé 20 bliain a ghlac Éire páirt don chéad uair san iomaíocht. Ós rud é gurb é seo cothrom 20 bliain Euro 88 déanfaidh mé iarracht iallach a chur oraibh cuimhneamh ar roinnt ceisteanna faoin ocáid cháilúil sin:

1. Ainmnigh an t-imreoir Albanach a scóráil an cúl sin in aghaidh na Bulgáire a chinntigh go mbeadh Éire cáilithe le dul ar aghaidh sa chomórtas?
   Freagra:

2. Ní raibh dóchas ar bith ag Éirinn go n-éireodh linn cáilíocht a fháil don chluiche thuas agus d'imríomar cluiche "Slán le Craobhchomórtais na hEorpa" ag Páirc Chnocán Uí Dhálaigh. Cé a bhí inár n-aghaidh agus cén scór a bhí ann?
   Freagra:

3. Ainmnigh an chathair sa Ghearmáin inar imríodh an cluiche in aghaidh Shasana.
   Freagra:

4. Cé a scóráil an t-aon chúl sa chluiche sin?
   Freagra:

5. Ainmnigh an t-imreoir Éireannach a cuireadh den pháirc sa chluiche cáilíochta grúpa in aghaidh na Bulgáire agus nárbh fhéidir leis imirt sna chluichí ceannais?
   Freagra:

6. Cén toradh a bhí ar dara cluiche ghrúpa na hÉireann in aghaidh na Rúise?
   Freagra:

7. Cé a scóráil an cúl don Ollainn a chuir Éire as an gcomórtas?
   Freagra:

8. Ainmnigh an tír a bhuaigh an comórtas.
   Freagra:

Seol do chuid freagraí chuig: Tony Lawlor, Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, nó le ríomhphost chuig alawlor@courts.ie

Eamonn Mooney, buaiteoir thráth na gceist na Nollag ag glacadh a dhuaise ó Eva Avery, san Oifig Faisnéise.

Ba iad seo a leanas freagraí tráth na gceist na Márta:

1. Cén chathair ina bhfuil an Fhaiche Mhór? **Gaillimh**
2. Cén contae ina bhfuil cloigtheach Mhainistir Bhuithe? **Lú**
3. Cén chathair a dtugtar Cathair an Mharmair uirthi? **Chill Chainnigh**
4. Ainmnigh an t-aisteoir Éireannach a bhfuil páirt glactha aige i Fawlty Towers, Robin's Nest agus Waking Ned Devine? **David Kelly**
5. Ba as an Bhrasaíl dá athair, ba Parris an dara ainm a bhí air, rugadh i mBirmingham é ach bhí sé ar cheann de réalta raic na hÉireann ba cháiliúla riamh - cérbh é? **Phil Lynott**
6. Cé a bhfuil 15 phríomhstáisiún iarnróid na hÉireann ainmnithe ina ndiaidh? **Ceannairí Éirí Amach 1916**
7. Céard é an t-aon bhaile in Éirinn a bhfuil an litir Z ina ainm i mBéarla? **Poyntzpass**
8. Cén banna a raibh cnagshingil acu leis an amhrán Summer in Dublin? **Bagatelle**
9. Cén dáta ar a bhfui féile Bhríde? **1 Feabhra**
10. Cén baile inar rugadh an Cunta John McCormack? **Baile Átha Luain**

Agus is í an buaiteaoir: MAEVE FOLEY, Áras Uí Dhálaigh.

Comhghairdeas leat a Maeve. Beimid i dteagmháil leat chun an duais a bhronnadh ort.

Tríd an lionsa

Cillian Smith, ó Aonad Gnó na nEastát agus bhFoirgneamh lena iníon Isla

Céilí na nAmbasadóirí ag tabhairt cuairte ar na Ceithre Cúirteanna

Cuid de na Breithiúna le háthair athcóiditheó Shasana agus ón Spáinn ar cuairt le déanaí chun na Ceithre Cúirteanna

Annika Stephan agus Lisa Maybury ó na Seirbhísí Corporáideachacha, le Chloe McAdams ag an Tráthnóna Samhraidh ag Margadh na Feirme

Baill de Chúirt Mhargaidh na Sualainne ar cuairt le déanaí chuig Na Ceithre Cúirteanna

Cúl báire Chorcaí Dónal Óg Cusack agus Tony Lawlor, An Oifig Faisnéise